An Roinn Breisoideachais agus Ardoideachais,
Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta
Department of Further and Higher Education,
Research, Innovation and Science

Straitéis Náisiúnta um Chóiríocht do Mhic Léinn 2026–2035

Arna ullmhú ag an Roinn Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta
gov.ie

Clár Ábhair

Réamhrá 2

1. Achoimre Fheidhmeach 4

2. Cad a Chiallaíonn an Straitéis 6

3. Réamhrá agus Comhthéacs 8
3.1 Cuspóirí agus Spriocanna Beartais 8
3.2 Cúlra agus Réasúnaíocht 9
3.3 Clár Gníomhachtaithe Gearrthéarmach 11
3.4 Costais Forbartha agus Dearadh Caighdeánaithe 11
3.5 Creat Beartais agus Rialála 12
3.6 Gealltanais i gClár an Rialtais 13

4. Anailís ar Sholáthar agus ar Éileamh 14
4.1 Suirbhé Mac Léinn an ÚAO 14
4.2 Anailís ar Sholáthar agus ar Éileamh 14
4.3 Píblíne an tSoláthair 15

5. Piléar Taca Straitéiseach 1: Inmharthanacht agus Soláthar 16
5.1 Luamháin Inmharthanachta PBSA Ar Fud An Mhargaidh 17
5.2 Luamháin Inmharthanachta PBSA Institiúidí Ardoideachais Poiblí Sonrach 18
5.3 Clár Cóiríochta do Mhic Léinn in Institiúidí Ardoideachais 20
5.4 An Scéim Faoisimh um Sheomra ar Cíos 21
5.5 Comaitéireacht Inbhuanaithe 22

6. Piléar Taca Straitéiseach 2: Inmharthanacht agus Soláthar 24
6.1 RBATNE Giaráil Inacmhainneachta 25
6.2 Tacaíochtaí Stáit Eile 29

7. Plean Gníomhaíochta um Chur Chun Feidhme 32
7.1 Clár Cóiríochta do Mhic Léinn in Institiúidí Ardoideachais 32
7.2 Clár Cóiríochta do Mhic Léinn in Institiúidí Ardoideachais 33
7.3 Spriocanna agus Measúnú 34

Aguisíní
Aguisín A: Próiseas Comhairliúcháin 35
Aguisín B: Tábla Gníomhartha 37
Aguisín C: Liosta Giorrúchán 39

Réamhrá

Tá áthas orm an **dara Straitéis Náisiúnta um Chóiríocht do Mhic Léinn don earnáil ardoideachais in Éirinn a fhoilsiú.** Is cuid lárnach é an Straitéis seo den phlean níos leithne atá ag an Rialtas chun soláthar tithíochta a threisiú, agus chun a chinntiú go bhfuil rochtain ag ár mic léinn ar chóiríocht ardchaighdeáin atá inacmhainne.

Ón am a tugadh an chéad straitéis isteach in 2017, tá 16,266 leaba lóistín do mhic léinn curtha ar fáil ar fud na tíre, rud a fhágann go bhfuil breis is 49,000 leaba ann san iomlán. Amhail Deireadh Fómhair 2025, tá 2,379 leaba eile á dtógáil, tá cead pleanála ag gabháil le 14,279 acu, agus tá 678 acu sa chóras pleanála.

Tá fás leanúnach tagtha ar líon na mac léinn san earnáil seo chomh maith le dúshláin shuntasacha san earnáil tógála. Tá an tionchar comhcheangailte a bhaineann le Brexit, le paindéim COVID-19, leis an gcogadh san Úcráin agus le méaduithe ar rátaí úis tar éis cur isteach ar shlabhraí soláthair, moill a chur ar sheachadadh lóistín mac léinn atá tógtha chun na críche sin, agus dúshlán a thabhairt d'inmharthanacht fhorbairtí Cóiríochta Saintógtha do Mhic Léinn (PBSA). Freagraíonn an Straitéis nuashonraithe seo do na dúshláin sin le treochlár soiléir, praiticiúil don deich mbliana atá romhainn.

Leagtar amach sa Straitéis cur chuige cothrom agus uaillmhianach, lena n-áirítear:

- **An gealltanas maidir le bearta fadtéarmacha arna dtacaíocht ag an Stát chun an soláthar a ghníomhachtú,** ag obair i gcomhpháirtíocht leis an earnáil phríobháideach.
- **Tacaíochtaí inacmhainneachta do mhic léinn,** lena ndeimhnítear an cothromas rochtana.
- **Tacú le forbairt cóiríochta ar champas poiblí chomh maith le láithreáin phríobháideacha** in aice leis an gcampas.
- **Leathnú ar chlár Cóiríochta Mac Léinn na hEarnála Teicneolaíochta chun** ollscoileanna traidisiúnta a áireamh, rud a chuirfidh ar chumas na hearnála ina hiomláine freastal ar an éileamh.

Le linn shaolré na Straitéise seo, tá sé mar aidhm againn **42,000 leaba bhreise** a sholáthar faoi 2035 trí lóistín cóiríochta saintógtha do mhic léinn, poiblí agus príobháideach agus trí lóistín faoin scéim Seomra ar Cíos. Leis an leathnú seo cuirfear rochtain níos fearr ar fáil do mhic léinn ar thithíocht inacmhainne, ardchaighdeáin, laghdófar an brú ar an margadh cíosa, agus cruthóidh sé timpeallacht mhaireachtála níos tacúla a fheabhsóidh a dtaithí acadúil..

Léirítear leis an mbéim láidir a leagtar ar **dhearadh caighdeánaithe** an méid atá ráite ag mic léinn linn: ba mhaith leo cóiríocht **shimplí, inacmhainne atá suite ar an institiúid ardoideachais roghnaithe acu nó in aice** léi. *Nuair a chuirtear an Treoir Dearaidh don Chóiríocht Mhic Léinn Stát-mhaoinithe i bhfeidhm ar ár gclár cóiríochta mac léinn*, cuirfear ar ár gcumas cóiríocht ardchaighdeáin do mhic léinn a sholáthar go héifeachtach chun freastal ar riachtanais ár mac léinn. Tá an prionsabal seo lárnach i gcuspóirí na Straitéise.

Is cloch choirnéil den Straitéis seo í an inacmhainneacht, agus tá sí ailínithe leis an **bPlean Náisiúnta Rochtana**, ag cur cothromas rochtana ar ardoideachas chun cinn do ghrúpaí tearcionadaithe, lena n-áirítear grúpaí ísealioncaim, daoine faoi mhíchumas agus pobail mhionlaigh. Beidh tacaíochtaí airgeadais spriocdhírithe ar fáil do mhic léinn beag beann ar cibé an bhfuil cónaí orthu sa bhaile, i Seomra ar Cíos, ar cíos príobháideach, nó PBSA.

Tá an **Straitéis seo praiticiúil, comhoibríoch, agus indéanta**. Trí oibriú le geallsealbhóirí poiblí agus príobháideacha tábhachtacha, cuirfimid gníomhartha i gcrích a thacóidh le forbairt leordhóthanach lóistín do mhic léinn atá saindeartha, a leathnóidh roghanna Seomra ar Cíos, agus a chuirfidh straitéisí comaitéireachta inbhuanaithe faoi stiúir Institiúidí Ardoideachais chun cinn d'fhonn freastal ar riachtanais na mac léinn sa mheántéarma agus san fhadtéarma

James Lawless TD
An Aire Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta

Cuirim fáilte roimh foilsiú den **Straitéis Náisiúnta um Chóiríocht do mhic Léinn 2026-2035**. Is céim shuntasach agus dhearfach chun cinn í seo dár mic léinn agus don fhorbairt réigiúnach ar fud na hÉireann.

Tá áthas ar leith orm go bhfuil moltaí ann maidir le soláthar cóiríochta nua do mhic léinn dár **nOllscoileanna Teicneolaíochta agus Institiúidí Teicneolaíochta** sna réigiúin.

Tá níos mó i gceist leis an straitéis seo ná brící agus moirtéal—baineann sé le deiseanna a chruthú agus cothroime a chinntiú. Trí thacaíochtaí **inacmhainne a sholáthar do mhic léinn agus trí thacú le forbairt lóistín nua do mhic léinn**, cuirimid ar chumas mic léinn ó cheantair thuaithe na hÉireann staidéar a dhéanamh ina n-ollscoil réigiúnach gan an t-ualach a bhaineann le bogadh go cathair mhór. Tá tábhacht leis sin, **mar ba cheart go mbeadh oideachas inrochtana ag gach duine, is cuma cá gcónaíonn siad.**

Déanann lóistín ar an gcampas, nó gar dó, ár nOllscoileanna Teicneolaíochta níos tarraingtí do mhic léinn freisin, agus tacaíonn sé le spriocanna an Rialtais maidir le fás réigiúnach cothrom agus nuálaíocht taobh amuigh de na mórchathracha.

Táim ag tnúth le feiceáil go n-éireoidh le Clár Cóiríochta Mac Léinn na hEarnála Teicneolaíochta a chur i bhfeidhm, is clár lena gcuirfear an tithíocht atá de dhíth go géar ar fáil do mhic léinn ar fud na hÉireann agus a chabhróidh le todhchaí níos gile a chinntiú dár réigiúin.

Marian Harkin TD
An tAire Stáit do Ghnóthaí Diaspóra
Bainisteoir Breisoideachais agus Oiliúna (Printíseachtaí)
An Roinn Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde,
Nuálaíochta agus Eolaíochta

1. 1. Achoimre Fheidhmeach

Leagann an Straitéis Náisiúnta Cóiríochta do Mhic Léinn conair chun ardoideachais a dhéanamh níos inrochtana trí dul i ngleic le dhá dhúshláin ríthábhachtach. inacmhainneacht cóiríochta agus soláthar cóiríochta agus inmharthanacht. Déanann sé seo i gcómhthéacs riachtanas measta do bhreis is 42,000 leaba mac léinn faoi 2035.

Cuimsíonn an réamh-mheastachán easnamh measta de 15,000 leaba atá ag cur leis faoi láthair do phatrún taistil neamh-inbhuanaithe fada do roinnt mac léinn. Ag aithint na ndúshláin roimh an margadh tithíochta níos leithne, tá sé de sprioc ag an straitéis chun freastal ar an éileamh de 42,000 gan dul i muinín na hearnála cíosa príobháidí.

Tá an straitéis bunaithe ar Chlár-Gníomhachtaithe Gearrthéarmacha atá críochnaithe anois le forbairt de bheagnach 1,000 Cóiríocht Mac Léinn Saintógtha (PBSA) le tacaíocht ó bhreis is €110 milliún i maoiniú PFN, le 30% na leapacha ar fáil ar chíosanna lascainithe chun tacú le hinacmhainneacht.

Is iad na príomh-cheachtanna ón gclár sin ná:

- An scála maoinithe atá ag teastáil chun freastal ar an leibhéal réamh-mheasta agus d'éileamh atá ann cheana féin nach bhfuil comhlíonta i bhfad níos mó ná acmhainn mhaoinithe an stáit, agus maoiniú ón earnáil phríobháideach agus forbairt a bheidh ag teastáil chomh maith le béim níos mó ar chóiríocht Seomra-Ar-Cíos.
- Srianaíonn an tionchar den mhaoiniú do ghrúpa beag mac léinn tríd maoiniú díreach. Sraith níos cuimsithí de bhearta inacmhainneachta a thacóidh níos fearr gach mac léinn a bhfuil deacrachtaí inacmhainneachta cóiríochta acu, in ainneoin cén áit a chónaíonn siad, má tá siad i bpoiblí nó príobháideach PBSA, earnáil chíosa phríobháideacha, cóiríocht seomra-ar cíos, nó sa bhaile.

Cuirfear an straitéis i bhfeidhm tríd dhá cholún, soláthar agus inmharthanacht, agus inacmhainneacht

Táthar ag dul i ngleic ar iarrachtaí chun soláthar agus inmharthancht tionscadal tríd athchóirithe fioscacha agus rialálachun tarraingteacht mhargadh PBSA a fheabhsú.

Lena chois sin, cur chuige nuálaíoch chun tacú le forbairt ar an gcampas nó in aice leis PBSA tríd an gClár Cóiríochta Mac Léinn Um Earnáil Ardoideachais comhlánaithe ag cuir chun cinn cóiríocht Seomra-Ar-Cíos mar rogha cóiríochta breise do mhic léinn.

Athchóirithe cíosa agus laghduithe ar CBL ó 13.5% go 9% ar dhíol PBSA a spreagfaidh forbairt nua PBSA a chuimsíonn roinnt de na 14,279 leaba atá cead pleanáil acu faoi láthair ach níl siad á bhforbairt.

Forbairt de chóiríocht mac léinn le tacaíocht ó Údarás Ardoideachais (ÚAO) agus an Ghníomhaireacht Airgeadais d'Fhorbairt Náisiúnta (GAFN) atá ar siúl.

Cuirfidh an clár seo ar chumas d'Institiúidí Ardoideachais (IAO) chun rochtain a bheith acu ar leapacha PBSA ag tacú forbróirí príobháideacha chun PBSA a thógáil ar an gcampas nó in aice leis tríd meascán comhaontuithe ainmnithe, suíomhanna ceadúnaithe agus seirbhísiú láithreáin.

- Baineann comhaontú ainmnithe le tiomantas ag an Institúid Ardoideachais chun mic léinn a ainmniú le haghaidh uimhir leapacha PBSA aontaithe i bhforbairt phríobháideach le haghaidh tréimhse aontaithe (go hiondúil breis is 5 bliana). Cuirfear creat iasachta ar fáil d'Ollscoileanna Teicneolaíochta faoi réir cheadú an Aire Airgeadais agus an Aire Caiteachais Phoiblí, Bonneagair agus Athchóirithe na Seirbhíse Poiblí agus Digitiú go mbeidh siad in ann comhaontuithe sin a dhéanamh.
- Ceadúnú suíomhanna ar champas ag IAOnna a chuirfidh sé ar chumas forbróirí príobháideacha tógáil agus forbairt PBSA ar champas ollscoile ar feadh thréimhse an cheadúnais (de ghnáth thart ar 60 bliain). D'fhillfeadh an PBSA ar úinéireacht na IAO ar dhul in éag an tréimhse 60 bliain.
- Baineann seirbhísiú láithreáin tacaíochta le soláthar suirbhéanna chun bun-choinníollacha a bhunú in éineacht le tuilleadh oibre cumasaithe ar shuíomhanna ábhartha nó in aice leo.

Leapacha a forbraíodh mar chuid den chlár seo á dtacú a thuilleadh tríd dearaí caighdeánaithe PBSA a chuireann ar chumas níos cost-éifeachtúla chun acmhainneachta cóiríochta a bharrfheabhsú agus dúbailt a sheachaint trí fhorbairt ar an suíomh a bhaineann leas as áiseanna atá ann cheana ar an gcampas.

D'aithin Ollscoileanna Teicneolaíochta roghanna cóiríochta féideartha cheana féin atá á bhforbairt níos mó chun rannpháirtíocht sa mhargadh a chumasú le haghaidh forbairt ar an agus lasmuigh den champas PBSA tríd Léirithe Spéise in 2026 agus tairisceana foirmiúla i luath 2027. Tá an clár á leathnú chun chuimsíonn ollscoileanna traidisiúnta agus seachadfar é i sraith céimeanna ag tosú le Corcaigh, Baile Átha Cliath agus Gaillimh agus go gairid ina dhiadh sin Port Láirge, Luimneach agus Átha Luain agus ina dhiaidh sin Trá Lí, Ceatharlach, Sligeach agus Leitir Ceanainn. Faoi réir freagairt an mhargadh agus faomhadh IAO, táthar ag súil go dtosóidh an tógáil ó 2028.

Táthar ag dul i ngleic ar inacmhainneacht trí thacaíochtaí airgeadais a sholáthar go díreach trí mic léinn tríd Scéim Deontas Mac Léinn (SUSI) a dhíríonn ar mic léinn a chónaíonn 30km ní níos mó ó IAO roghnaithe chomh maith leis tacaíocht leanúnach tríd PATH 2 1916 Sparánacht do mhic léinn atá faoi mhí-bhuntáiste socheacnamaíoch is mó agus ó ghrúpaí faoi ghannionadaíocht in ard-oideachais. Díríonn An Scéim Cúnaimh Cóiríochta do Mhic Léinn Luch Siúl, Romach agus mic léinn atá taithí acu ar chúram agus an Ciste Cúnaimh Do Mhic Léinn a sholáthraíonn cúnamh airgeadais do mhic léinn a bhfuil deacracht acu le hiompair, cíos agus costais maireachtála. Soláthraíonn na scéimeanna comhcheangailte seo €176 milliún inacmhainneacht a thacaíonn siad go bliantúil agus comhlánaítear leis an gcreidmheas Cánach Cíosa a sholáthraíonn suas go €2,000 i gcreidmheas go bliantúil chun measúnú comhpháirteach a dhéanamh ar lánúin nó €1,000 d'iarrthóir amháin. Tá an creidmheas ar oscailt do thuismitheoirí a thacaíonn páiste le costais cóiríochta a chuimsíonn cóiríocht Seomra-Ar-Cíos.

Déanfaidh Grúpa Idir-Rannach maoirseacht ar chur i bhfeidhm na straitéise chun rannpháirtíocht na bpáirtithe leasmhara a chomhordú agus dul chun cinn a athbhreithniú chun a chinntiú go gcuirfear na gníomhartha i gcrích agus comhlánófar é le forbairt straitéisí cóiríochta mac léinn atá sonrach do na hinstitiúidí ardoideachais chun úinéireacht a chinntiú ag leibhéal na hinstitiúidí ardoideachais aonair.

2. Cad a Chiallaíonn an Straitéis

Uaillmhian, Infheistíochtaí Straitéiseacha, Spriocanna Claochaitheach a Spreagadh



Leapacha Nua do Mhic Léinn

16,000+

Os cionn 16,000 leaba nua do mhic léinn tógtha ó 2017

Uaillmhian Méadaithe le Sprioc de

42,000

Leabaa do mhic léinn faoi 2035

Clár Gníomhachtaithe Gearrthéarmach

967

Leaba seachadta nó ag dul ar aghaidh

Earnáil Teicneolaíochta

Moltaí Cóiríocht MacLéinn atá measúnaithe ó;

- Ollscoil Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath
- Ollscoil Teicneolaíochta na Mumhan
- Ollscoil Teicneolaíochta na Sionainne: Lár Tíre, An tIarthar Láir
- Ollscoil Teicneolaíochta an Atlantaigh
- Ollscoil Teicneolaíochta an Oirdheiscirt
- Institiúid Ealaíne, Deartha agus Teicneolaíochta

Maoiniú Caipitil ón Státchiste

€250m

Infheistíocht i gcóiríocht mac léinn 2023-2030

Tacaíochtaí Díreacha Bliantúla na Roinne Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta do Mhic Léinn

€176m

- SUSI (Deontais Neamh-chomharsanacha)
- Ciste Cúnaimh do Mhic Léinn
- Cúnamh Cóiríochta do Mhic Léinn
- Sparánacht 1916

Creidmheas cánach don chíos a íocadh

315,030

Bhain cáiníocóirí leas as seo in 2023 ar chostas €185.3 milliún

An Scéim Faoisimh um Sheomra ar Cíos

€14,000

Tuilleamh suas le €14,000 in aghaidh na bliana ag úinéirí tí

Tacaíocht Infheistíochta trí Athchóiriú Fioscach agus Rialála

- Rialú Cíosa
- Caighdeáin
- Laghdú CBL

Tá an Straitéis bunaithe ar dhá phríomhcholún: Soláthar agus Inmharthanacht, agus Inacmhainneacht.

Soláthar agus Inmharthanacht Tionscadail

Bearta Inmharthanachta na Roinne Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta

- Lóistín na institiúide ardoideachais ar chóiríocht saintógtha do mhic léinn ar an gcampas nó gar dó.
- Dearadh Caighdeánaithe agus Modhanna Tógála Nua-Aimseartha
- Talamh faoi úinéireacht Institiúidí Ardoideachais agus seirbhísí láithreáin
- Cumas iasachtaíochta Ollscoileanna Teicneolaíochta trí chomhaontuithe ainmniúcháin
- Comaitéireacht Inbhuanaithe

Tacaíochtaí Inmharthanachta Rialtais Eile

- Athchóiriú Cíosa
- Athruithe ar CBL maidir le hárasáin nua a dhíol (cóiríocht saintógtha do mhic léinn san áireamh)
- An tAcht um Pleanáil agus Forbairt (Leasú) 2025
- An Scéim Faoisimh um Sheomra ar Cíos

Inacmhainneacht do Mhic Léinn

Tacaíochtaí Bliantúla na Roinne Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta do Mhic Léinn

- Scéim um Dheontais do Mhic Léinn
- Sparánacht 1916
- Clár Gníomhachtaithe Gearrthéarmach
- Scéim Chúnaimh Cóiríochta Mac Léinn
- Ciste Cúnaimh do Mhic Léinn
- Ciste do Mhic Léinn faoi Mhíchumas

Tacaí Inacmhainneachta Rialtais Eile

- Liúntas um Fhilleadh ar Oideachas
- Tacaíochtaí Iarchúraim
- Creidmheas cánach don chíos a íocadh

Folláine na Mac Léinn

- Creat Deonach le haghaidh Cóiríochta Seomra ar Cíos
- Cúram tréadach institiúdí ardoideachais leabaithe i mbeartais chóiríochta institiúdí ardoideachais aonair
- Clár píolótach chun roghanna taistil inbhuanaithe do mhic léinn a fheabhsú

3. Réamhrá agus Comhthéacs

Tá córas cóiríochta do mhic léinn atá comhtháite go maith ríthábhachtach chun cothromas, rochtain agus inbhuanaitheacht a chothú laistigh de thimpeallacht ardoideachais na hÉireann.

Cóiríocht Saintógtha do Mhic léinn, ar an agus lasmuigh den champas, in éineacht le cíosanna príobháideacha Cóiríocht Seomra-Ar-Cíos i maoin atá á háitiú ag an úinéir ('Seomra-Ar-Cíos'), agus Cónaí sa Bhaile, i dteannta a chéile a chruthaíonn bonn soláthair de chóiríocht mac léinn. Tá sé ríthábhachtach a chinntiú go bhfeidhmíonn an córas seo go héifeachtach chun tacú le folláine na mac léinn, rath acadúil[1], agus acmhainneacht fhadtéarmach na hearnála.

De réir measúnaithe *na hEarnála Cíosa Príobháidí*, tá cíosanna ag ardú go leanúnach le deich mbliana anuas[2]. I bhfianaise an mhéadaithe leanúnaigh ar chostais cíosa ar fud na hÉireann an infhaighteacht theoranta stoic tithíochta do mhic léinn, agus an cion ard mac léinn atá ag brath ar an earnáil cíosa phríobháidigh[3], tá cás láidir ann chun soláthar cóiríochta PBSA agus cóiríochta Seomra ar Cíos a leathnú. Ba chóir an leathnú seo a ailíniú le fad comatéireachta inbhuanaithe á bhaint amach do mhic léinn[4].

Cé go bhfuil éileamh ó mhic léinn agus fonn mór i measc soláthraithe lóistín agus infheisteoirí, níl soláthar tithíochta nua do mhic léinn ag teacht leis na riachtanais. Is iad costais thógála arda agus is cúis leis an easnamh seo den chuid is mó[5], rud a raibh tionchar suntasach acu ar inmharthanacht an tionscadail. An margadh tithíochta níos leithne nach bhfuil dóthair soláthair a sheachadadh chun freastal ar éileamh. Ós rud é nach bhfuil cead pleanála gníomhachtaithe do 14,279 leaba mac léinn, cuirtear ceist faoi inmharthanacht an mhargaidh. Tá moilleanna laistigh den chóras pleanála níos leithne agus tionchar na n-uasteorainneacha cíosa tar éis bac breise a chur ar dhul chun cinn ar fhorbairtí atá beartaithe[6].

Tá sé mar aidhm ag an straitéis seo tacú le leathnú PBSA ar champas faoi úinéireacht phoiblí agus lasmuigh den champas ar shuíomhanna faoi úinéireacht phríobháideach agus glacadh le cóiríocht Seomra ar Cíos a mhéadú. Tá sé mar aidhm aige freisin an leibhéal tacaíochta a chuirtear ar fáil do mhic léinn a mhéadú chun aghaidh a thabhairt ar dhúshláin inacmhainneachta.

3.1 Cuspóirí agus Spriocanna Beartais

Tacaíonn an Straitéis Náisiúnta um Chóiríocht do Mhic Léinn 2026–2035 le rochtain ar thithíocht chuí do mhic léinn fochéime agus iarchéime lánaimseartha atá ag freastal ar Institiúidí Ardoideachais atá maoinithe go poiblí.

Tá sé mar aidhm ag an Straitéis soláthar leapacha nua lóistín do mhic léinn a mhéadú agus roghanna tithíochta malartacha a chur chun cinn amhail cóiríocht Seomra ar Cíos, chun aghaidh a thabhairt ar an riachtanas lóistín breise do 42,000 mac léinn atá ag teacht chun cinn idir seo agus 2035 gan spleáchas níos mó ar an earnáil cíosa phríobháideach. Bainfear é seo amach trí bhearta inmharthanachta agus tacaíochtaí inacmhainneachta, lena n-áirítear cúnamh do mhic léinn atá sainaitheanta faoin bPlean Náisiúnta Rochtana. Déanann an Straitéis iarracht cothromaíocht a bhaint amach idir na leibhéil cíosa is gá chun inmharthanacht a bhaint amach agus na tacaíochtaí is gá chun inacmhainneacht a chumasú.

[1] *Léirigh taighde idirnáisiúnta (Pascarella agus Terenzini 2005; Thomas 2012 mar a luaigh Gormley 2015 Lch.1) go mbíonn rátaí coinneála níos airde ag mic léinn atá ina gcónaí i gcóiríocht ar an gcampas ná mar a bhíonn ag mic léinn comaitéireachta agus go léiríonn siad scóir níos airde ar scálaí forbartha freisin (Chickering agus Reisser, 1993 mar a luaigh Gormley 2015 Lch.1)'. Lch.50 Tuairisc ar Chóiríocht do Mhic Léinn: Éileamh & Soláthar, ÚAO, 2015* ar fáil ag **https://hea.ie/assets/uploads/2017/06/Report-on-Student-Accommodation-Demand-Supply.pdf**

[2] Athbhreithniú ar an Earnáil Cíosa Phríobháidigh, arna fhoilsiú ag an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta, Iúil 2024 ar fáil ag **https://assets.gov.ie/static/documents/private-rental-sector-review.pdf**

[3] Suirbhé Mac Léinn, ÚAO, 2024

[4] Tuairisc ar Chóiríocht do Mhic Léinn: Éileamh & Soláthar, ÚAO, 2015 ar fáil ag **https://hea.ie/assets/uploads/2017/06/Report-on-Student-Accommodation-Demand-Supply.pdf**

[5] Chobhsaigh boilsciú tógála tráchtála ag 3% in aghaidh na bliana, síos ó bhuaicphointe le déanaí de 11.5% in 2022. Cumann Suirbhéirí Cairte na hÉireann, Feabhra, 2025 ar fáil ag; **https://scsi.ie/press-release-commercial-construction-tender-prices-increased-by-1-5-in-the-second-half-of-2024/**

[6] Forbhreathnú ar an Margadh um Chóiríocht Mac Léinn atá Tógtha go Sainchuspóireach 2024, Lisney, Eanáir 2024; SAF

Ailíniú le Roinn Taighde agus Nualáíochta Ardoideachais agus Breisoideachais agus Eolaíocht (RTNABE) Straitéis

Mar chuid d'aidhm na Roinne oideachas tríú leibhéal ardchaighdeáin agus inrochtana a sholáthar, geallann an Roinn tacú le córas oideachais tríú leibhéal ardfheidhmíochta, cuimsitheach agus dírithe ar an todhchaí a sholáthraíonn d'fhoghlaimeoirí, don gheilleagar agus don tsochaí. Cuid dhílis den ghealltanas seo is ea an rún tacú le forbairt agus cur i bhfeidhm straitéise fadtéarmach maidir le cóiríocht do mhic léinn chun aghaidh a thabhairt ar infhaighteacht agus inacmhainneacht cóiríochta do mhic léinn.

3.2 Cúlra agus Réasúnaíocht

Go traidisiúnta, bhí mic léinn ag brath ar Chónaí sa Bhaile, cíosa príobháideacha, agus Seomra ar Cíos mar fhoinsí lóistín.

De réir mar a mhéadaigh an t-éileamh ar chóiríocht, thosaigh ollscoileanna ag leathnú tithíochta ar an gcampas, agus faoi na 2010idí bhí soláthar PBSA tar éis fás go suntasach, le tacaíocht ó infheistíocht ó institiúidí agus ó fhorbróirí príobháideacha araon. Tá srian curtha anois ar an soláthar mar gheall ar dhúshláin a eascraíonn as costais thógála díreacha agus indíreacha araon, rud a chuireann cosc air coinneáil suas leis an éileamh atá ag fás agus mar thoradh air sin, tá inacmhainneacht imithe in olcas.

Straitéis Náisiúnta um Chóiríocht do Mhic Léinn (2017–2024)

Sa bhliain 2015, d'fhoilsigh an ÚAO a *Thuarascáil ar Chóiríocht do Mhic Léinn: Éileamh agus Soláthar ó 2015 go 2024*[7]. Sainaithin sé éileamh neamhchomhlíonta de thart ar 25,000 spás leapa mar gheall ar fhás rollúcháin agus soláthar neamhleor. Bhí na sonraí seo (Fíor 1) bunaithe ar fhorbairt reatha agus réamh-mheasta lóistín do mhic léinn.

Fíor 1. Soláthar agus Éileamh do Spásanna Leaba Mac Léinn 2014-2024



Agus an anailís seo mar bhonn leis, leagadh síos sprioc de 21,000 leaba PBSA breise agus 4,000 leaba Seomra ar Cíos faoi dheireadh 2024 sa Straitéis Náisiúnta um Chóiríocht do Mhic Léinn 2017-2024.

[7] *Tuarascáil ar Chóiríocht Mac Léinn: Éileamh agus Soláthar ÚAO, 2015* ar fáil ag a **https://hea.ie/resources/publications/report-on-student-accommodation-demand-supply**. Tá an fhoilseachán aonuaire seo de chuid ÚAO agus bhí anailís teoranta ag na sonraí a bhí ar fáil ag an am sin, go háirithe i ndáil le soláthar cóiríochta príobháidí do mhic léinn

Fíor 2. Straitéis Náisiúnta um Chóiríocht do Mhic Léinn 2017-2024 Spriocanna agus Aschur PBSA

	Sprioc	Aschur
Leapacha faoi 2019	7,000	8,000
Leapacha faoi 2024	21,000	16,000 faoi Mheán Fómhair 2025
Seomra ar Cíos	4,000	>5,400 leaba fógartha Meán Fómhair 2025

Tá moilliú tagtha ar sheachadadh PBSA le blianta beaga anuas, den chuid is mó mar gheall ar éifeachtaí fada phaindéim COVID-19 agus sraith suaitheadh geopholaitiúil, mar aon le tionchar uasteorainneacha cíosa, dúshláin phleanála agus na costais mhéadaithe a bhaineann le cíosa lasmuigh den téarma scoile. Tá srian breise curtha ag na himeachtaí seo ar amlínte forbartha agus ar mhian infheistíochta ar fud na hearnála, rud a chuireann brú breise ar chóras tithíochta atá faoi bhrú cheana féin.

Réamh-mheastacháin Dhéimeagrafacha

Tá réamhaisnéis ag an bPríomh-Oifig Staidrimh go méadóidh an daonra foriomlán thar an tréimhse ó 5.2m duine in 2023 go 5.8m in 2035.[8] I gcomhréir leis seo, tugann réamh-mheastacháin an ÚAO, a dhíorthaítear ó mheastacháin IAO ar a ndaonraí mac léinn amach anseo a cuireadh faoi bhráid an ÚAO in 2024, le fios go bhfásfaidh líon na mac léinn fochéime agus iarchéime lánaimseartha in IAOnna atá maoinithe go poiblí faoi 41,000 go 243,499 faoi 2034/2035.

Is ionann mic léinn idirnáisiúnta agus thart ar 15% den líon seo faoi láthair agus cuireann *Saoránaigh Dhomhanda, 2030*[9] Éire mar cheann scríbe den scoth do mhic léinn idirnáisiúnta, taighdeoirí agus nuálaithe Trí Erasmus+, tacaíonn Éire le malartuithe oideachais ar fud na leibhéil uile. Tá fás seasta tagtha ar líon na mac léinn idirnáisiúnta le roinnt blianta anuas seachas titim le linn thréimhse Covid.[10]

Ollscoileanna Teicneolaíochta – Na Réigiúin

Bunaithe faoin Acht um Ollscoileanna Teicneolaíochta 2018, cuireann Ollscoileanna Teicneolaíochta cláir oideachais agus oiliúna ar fáil a léiríonn riachtanais daoine aonair, gnólachtaí, fiontar, na ngairmeacha beatha, an phobail, leasanna áitiúla, agus geallsealbhóirí eile sna réigiúin agus a éascaíonn foghlaim ar feadh an tsaoil. Tá bunú Ollscoileanna Teicneolaíochta ag teacht le cuspóir an rialtais maidir le forbairt réigiúnach chothrom. Roimh bhunú na nOllscoileanna Teicneolaíochta, bhí oideachas ollscoile dírithe ar mhórcheantair uirbeacha. Tá Ollscoileanna Teicneolaíochta anois lonnaithe ar aon champas is fiche ollscoile ar fud seacht gcontae déag, rud a chuireann rogha níos cothroime ar fáil do mhic léinn maidir le suíomhanna staidéir, agus beidh go leor acu in ann maireachtáil sa bhaile agus taisteal go laethúil chuig an ollscoil, rud a laghdaíonn an spleáchas ar chóiríocht i lárionaid uirbeacha. Tá Ollscoileanna Teicneolaíochta ag leanúint orthu ag leathnú a raon cúrsaí agus clár, lena n-áirítear i réimsí ar nós na Cógaisíochta agus an Leighis Tréidliachta.

Aithníonn an Straitéis fás d'Ollscoileanna Teicneolaíochta laistigh Ardoideachais agus an gá le haghaidh PBSA forbairt ar nó gar d'Ollscoileanna Teicneolaíochta. Tá sé ríthábhachtach aghaidh a thabhairt ar an ngá atá le tithíochta seo chun rochtain chothrom ar oideachas a chothú agus chun feabhas a chur ar thaithí na mac léinn ar fud na réigiún uile. Cé is moite d'Ollscoil Teicneolaíochta an Oirdheiscirt, a sholáthraíonn 426 leaba, níl PBSA ar an gcampas faoi úinéireacht phoiblí ag aon cheann de na hOllscoileanna Teicneolaíochta ná na hInstitiúidí Teicneolaíochta eile.

Tacaíonn an meascán de shrianta soláthair mar aon leis an lorg Ardoideachais leathnaithe i ndiaidh bhunú Ollscoileanna Teicneolaíochta agus an phróifíl dhéimeagrafach atá ag fás le forbairt straitéise nua cóiríochta do mhic léinn atá bunaithe ar na héachtaí a léiríodh i straitéis 2017-2024.

[8] An Phríomh-Oifig Staidrimh, Réamh-mheastacháin Daonra agus Lucht Saothair, 2023-2057

[9] RBATNE, Eanáir, 2024 **https://assets.gov.ie/static/documents/global-citizens-2030-irelands-international-talent-and-innovation-strategy.pdf**

[10] Staidrimh ÚAO, ar fáil ag; **https://hea.ie/statistics/data-for-download-and-visualisations/key-facts-figures/**

3.3 Clár Gníomhachtaithe Gearrthéarmach

I mí na Samhna 2022, cheadaigh an Rialtas den chéad uair forbairt beartais chun cúnamh Stáit a sholáthar chun forbairt lóistín nua do mhic léinn a ghníomhachtú d'Institiúidí Ardoideachais atá maoinithe go poiblí.

Chuir an Clár Gníomhachtaithe Gearrthéarmach (STAP) maoiniú ar fáil d'Institiúidí Ardoideachais chun tionscadail a ghníomhachtú a raibh cead pleanála i bhfeidhm acu ach nárbh fhéidir a sheachadadh mar gheall ar shaincheisteanna inmharthanachta, go príomha mar gheall ar chostais forbartha arda. Tá dul chun cinn á dhéanamh faoin gclár seo maidir le suas le 1,000 leaba nua PBSA a sheachadadh.

Tá tríocha faoin gcéad de na spásanna leapa a chuirtear ar fáil faoin gclár seo á gcur ar leataobh ar rátaí faoi bhun an mhargaidh do ghrúpaí mac léinn spriocdhírithe atá sainaitheanta sa Phlean Náisiúnta Rochtana (NAP).

Ceachtanna a Foghlaimíodh ón gClár Gníomhachtaithe Gearrthéarmach

Ba fhreagairt éigeandála spriocdhírithe é an STAP ar an nganntanas géar lóistín do mhic léinn. Tá ceachtanna tábhachtacha tagtha chun cinn ón gclár:

- Léiríonn an costas in aghaidh na leapa faoin gclár leibhéal maoinithe a bheadh dodhéanta don Stát, i bhfianaise an mhéadaithe réamh-mheasta de 41,000 mac léinn lánaimseartha idir 2025 agus 2035 (*féach anailís margaidh*). An sonraíocht den dearadh na dtionscadail measúnaithe a raibh éagsúil go mór, ag moladh an gá le haghaidh cineál éigin caighdeánaithe.
- Cé go gcuirfidh an clár rátaí lóistín laghdaithe ar fáil do thrí chéad mac léinn, ní thugann sé aghaidh ar na dúshláin inacmhainneachta níos leithne atá roimh dhaonra níos leithne na mac léinn. Dá bhrí sin, forbróidh an Straitéis luamháin inacmhainneachta go neamhspleách ar bhearta inmharthachta.
- Tá bearna inmharthanachta ann idir costas sheachadadh PBSA agus an praghas atá ceannaitheoirí nó cíosaithe sásta nó in ann a íoc. Beidh gá leis an mbearna seo a dhúnadh chun go mbeifear in ann sraith forbairtí PBSA a sheachadadh thar shaolré na Straitéise.

3.4 Costais Forbartha agus Dearadh Caighdeánaithe

Bhí sé mar aidhm ag Staidéar Dearaidh Caighdeánaithe Cóiríochta do Mhic Léinn caighdeáin dearaidh nua a fhorbairt do thithíocht a fhaigheann tacaíocht ón stát ar an gcampas nó in aice leis. Is é an sprioc atá leis na dea-chleachtas agus luach ar airgead a chinntiú agus soláthar tithíochta do mhic léinn a mhéadú ag an am céanna.

Leanann Treoir Dearaidh do Chóiríocht Mhic Léinn Urraithe ag an Stát[11], a foilsíodh i mí an Mheithimh 2025, moladh ó Staidéar Costas Tógála Cónaithe 2023.[12] Tacaíonn na caighdeáin dearaidh seo anois le soláthar cóiríochta mac léinn ardchaighdeáin trí chomhsheasmhacht i ndearadh a thiomáint, éifeachtúlacht costais a fheabhsú, agus úsáid modhanna nua-aimseartha tógála a éascú. Ligtear leis do sholáthar seomraí folctha comhroinnte agus spás laghdaithe in aghaidh an chónaitheora a roinneann cistineacha, spásanna bia agus spásanna maireachtála laistigh de ghrúpaí de 10 mac léinn nó níos mó. Tá siad ag iarraidh luach ar airgead a chinntiú don Stát agus ag an am céanna forbairt árasáin nua-aimseartha do mhic léinn a chur chun cinn atá feidhmiúil, inbhuanaithe, inchothabháilte, solúbtha, sábháilte agus dea-dheartha ó thaobh ailtireachta de.

Cuirfidh an Treoir Dearaidh bonn eolais faoi thionscadail amach anseo agus féachfaidh sí le soláthar éifeachtach cóiríochta mac léinn ardchaighdeáin a chumasú chun freastal ar riachtanais ár mac léinn.

[11] RBATNE, 2025, ar fáil ag; **https://assets.gov.ie/static/documents/Design_Guide_for_State_Sponsored_Student_Accommodation.pdf**

[12] RTRÁ, 2023, ar fáil ag; **https://assets.gov.ie/static/documents/residential-construction-cost-study-report.pdf**

3.5 Creat Beartais agus Rialála

Tá an Straitéis um Chóiríocht do Mhic Léinn ag teacht le roinnt tosaíochtaí náisiúnta níos leithne, lena n-áirítear:

- Tá an **Plean Náisiúnta Rochtana 2022–2028** ábhartha, ós rud é go dtugann an Straitéis seo aghaidh go díreach ar inacmhainneacht agus infhaighteacht tithíochta do mhic léinn.

- **Tionchar 2030: Straitéis Taighde agus Nuálaíochta na hÉireann; Saoránaigh Dhomhanda 2030: Straitéis Tallann agus Nuálaíochta na hÉireann:**
  Tá tallann lárnach in éiceachóras taighde agus nuálaíochta na hÉireann, agus tá RBATNE tiomanta do thaighdeoirí den scoth ó chúlraí éagsúla a mhealladh, go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta araon. Is fachtóir ríthábhachtach é infhaighteacht lóistín mac léinn ardchaighdeáin agus inacmhainne chun taighdeoirí iarchéime a mhealladh agus a choinneáil in Institiúidí Ardoideachais.

- **Tionscadal Éireann 2040, Plean Forbartha Náisiúnta, Creat Pleanála Náisiúnta:**
  Tacóidh PBSA, atá faoi thacaíocht phoiblí, le forbairt réigiúnach dlúth, inbhuanaithe agus chothrom trí thithíocht do mhic léinn a lonnú i gceantair a neartaíonn pobail agus a laghdaíonn brú ar mhargaí tithíochta imeallacha.

- **Seachadadh tithe, Tógáil Pobail 2025-2030: Plean Gníomhartha ar Sholáthar Tithíochta agus Díriú Ar Easpa Dídine:**
  Tá an Rialtas tiomanta do straitéis fhadtéarmach chóiríochta do mhic léinn atá dírithe ar sholáthar cóiríochta do mhic léinn a mhéadú i gcomhréir leis an éileamh.

Tá an Straitéis um Chóiríocht do Mhic Léinn deartha chun cuspóirí an Phlean Náisiúnta Tithíochta a chomhlánú agus a bheith ailínithe leo, agus aitheantas á thabhairt di gur cuid ríthábhachtach den chóras tithíochta níos leithne í an chóiríocht do mhic léinn. Dá bhrí sin, ba cheart an straitéis a mheas mar chuid dhílis den bheartas náisiúnta tithíochta, ag cur le soláthar méadaithe leapacha do mhic léinn gan a bheith ag brath níos mó ar an margadh cíosa príobháideach.

Tugann *an tAthbhreithniú ar Chriosanna Brú Cíosa*[13] ag an nGníomhaireacht Tithíochta (2025) léargas mionsonraithe ar an gcaoi a raibh tionchar ag Criosanna Brú Cíosa ar sholáthar tithíochta cíosa, lena n-áirítear PBSA, agus leagann sé amach an tábhacht a bhaineann le cobhsaíocht rialála d'fhorbróirí agus d'infheisteoirí. Tar éis an athbhreithnithe i mí an Mheithimh 2025, cheadaigh an Rialtas beartais nua chun rialuithe cíosa agus cosaintí tionóntachta a neartú do thionóntachtaí nua a cruthaítear ón 1 Márta 2026. Mic léinn in PBSA atá ann cheana féin a leanfaidh siad tairbhe a bhaint as cosaint rialaithe cíosa ar feadh trí bliana eile in 2029.

Ní hamháin in Éirinn atá an t-éileamh méadaitheach ar lóistín do mhic léinn; is saincheist atá ag éirí níos práinní ar fud na hEorpa í. Ag leibhéal an AE don chéad uair riamh, ceapadh Coimisinéir Fuinnimh agus Tithíocht.[14] Sheol an Coimisiún a chéad Tascfhórsa Tithíochta chun cúnamh a thabhairt don Choimisinéir Tithíochta agus **Plean Tithíochta Inacmhainne Eorpach** a chur chun cinn le beartais gaolmhara.[15]

Plean Gníomhaíochta ar Son na hAeráide: Bogadh le Chéile - Cur Chuige Straitéiseach i dtreo Córas Iompair níos éifeachtúla in Éirinn. Tá roinnt gníomhartha sa Straitéis a dhíríonn an córas ardoideachais ar a astaíochtaí ó iompar a laghdú. Forbrófar cóiríocht do mhic léinn ar bhealach inbhuanaithe, i gcomhréir le hoibleagáidí gach institiúide ardoideachais faoin bPlean Gníomhaíochta ar son na hAeráide.

[13] An Ghníomhaireacht Tithíochta, 2025, ar fáil ag **https://www.housingagency.ie/sites/default/files/2025-06/Final%20Review%20RPZ%20and%20Policy%20Options%20for%20Rent%20Controls%20in%20PRS.pdf**

[14] Dan Jørgensen, Coimisinéir Eorpach Fuinnimh agus Tithíochta: **https://commission.europa.eu/about/organisation/college-commissioners/dan-jorgensen_en**

[15] Bunaíodh an Coimisiún Eorpach Tascfórsa i Feabhra 2015: **https://housing.ec.europa.eu/contact-us_en**

3.6 Gealltanais i gClár an Rialtais

Freagraíonn an Straitéis go díreach do ghealltanais an Rialtais atá leagtha amach i *g Clár Rialtais 2025 – Todhchaí na hÉireann a Shlánú*.

Tacaíonn sé le forbairt "*plean ilbhliantúil chun cóiríocht nua do mhic léinn a sheachadadh go práinneach, lena n-áirítear trí chóiríocht mac léinn atá maoinithe ag an stát agus atá tógtha chun na críche sin ar thalamh poiblí nó príobháideach.*"

Éascaíonn an Straitéis freisin, i gcúinsí teoranta agus i gcomhréir le hinacmhainneacht agus rialuithe iomchuí, "*Ollscoileanna Teicneolaíochta chun cistí a fháil ar iasacht chun cóiríocht do mhic léinn ar an gcampas a sholáthar.*"

Ina theannta sin, "*scrúdóidh sé bearta chun glacadh leis an Scéim Faoisimh Seomra ar Cíos a threisiú*" agus geallann sé a chinntiú "*go n-ailínítear léasanna lóistín mac léinn leis an mbliain acadúil, rud a fhágfaidh go mbeidh sé níos éasca do mhic léinn lóistín a fháil do na míonna a bhfuil gá acu leo amháin.*" I measc na ngníomhartha comhlántacha tá méadú ar dheontais chothabhála agus infheistíocht leanúnach sa Chiste Cúnaimh do Mhic Léinn, rud a neartóidh tuilleadh tacaíochtaí do mhic léinn ar fud na tíre.

4. Anailís ar Sholáthar agus ar Éileamh

Sa bhliain 2024, rinne an ÚAO anailís ar sholáthar agus ar éileamh chun eolas a chur ar fáil don straitéis náisiúnta, ag scrúdú na bhfoinsí éagsúla cóiríochta atá ar fáil do mhic léinn – PBSA poiblí, PBSA príobháideach, cóiríocht Seomra ar Cíos, Cónaí sa Bhaile, agus an earnáil cíosa phríobháidigh.

Cé go n-aithníonn an straitéis an raon iomlán roghanna tithíochta do mhic léinn, díríonn sí go sainráite a spriocanna fáis ar chóiríocht PBSA Poiblí, PBSA Príobháideach agus Seomra ar Cíos agus ar an obair chothaithe ón mbaile a dhéanamh níos inbhuanaithe. Déanann sé amhlaidh gan aon dul i muinín cíosa phríobháidigh mhéadaithe i bhfianaise na mbrúnna atá á bhfulaingt san earnáil sin.

4.1 Suirbhé Mac Léinn ÚAO

Tá tionchar díreach ag infhaighteacht agus inacmhainneacht lóistín ar chinnteoireacht agus ar thaithí oideachais na mac léinn.

Sa chomhthéacs seo, rinne an ÚAO, i gcomhar le RBATNE, suirbhéanna mac léinn in 2023 agus 2024 araon chun beartas an Rialtais a threorú. Bhí 14,230 freagra ó mhic léinn in 2024 agus 22,801 in 2023, rud a léirigh 5% agus 9% de na daonraí mac léinn ábhartha, faoi seach. Déanfar tuilleadh suirbhéanna go tréimhsiúil lena chinntiú go ngabhfar pictiúr cothrom le dáta de chóiríocht agus taithí comaitéireachta na mac léinn.

Socruithe Cóiríochta atá ann cheana

Fuair suirbhé 2024 amach go raibh 36% de na freagróirí ina gcónaí i dteach an teaghlaigh, 16% inPBSA ar an gcampas (faoi úinéireacht IAO), 17% inPBSA lasmuigh den champas (faoi úinéireacht phríobháideach), 18% i gcóiríocht phríobháideach ar cíos, 12% i gcóiríocht Seomra ar Cíos, agus thuairiscigh 1% go raibh siad ina gcónaí sa bhaile agus iad ag lorg cóiríochta. Thuairiscigh mic léinn go raibh meánchíos €700 in aghaidh na míosa á íoc acu thar an dá shuirbhé

Socruithe Taistil Comaitéireachta

Sa bhliain 2024, bhí uair go leith nó níos mó ag taisteal chuig an gcoláiste i ngach slí ag 18% de na mic léinn a bhí ina gcónaí sa bhaile. Meastar sa Straitéis nach bhfuil comaitéireachtaí den sórt sin inbhuanaithe agus nach bhfuil freastal déanta ar riachtanais chóiríochta na mac léinn, nuair a bhíonn comaitéireacht trí huaire an chloig (turais fhillte) ag teastáil go laethúil.

4.2 Soláthar agus Éileamh: Meastacháin

Tá na meastacháin soláthair agus éilimh bunaithe ar mhúnla Soláthair agus Éilimh 2024/2025 an ÚAO, ar fhreagraí Suirbhé Mac Léinn an ÚAO in 2023 agus 2024, agus ar shonraí féinthuairiscithe ó Institiúidí Ardoideachais chuig an ÚAO. Breithníodh foinsí sonraí breise freisin, amhail an Tuarascáil Faisnéise Foirgníochta (tuarascáil ó bhunachar sonraí d'fhaisnéis phleanála PBSA a ullmhaíodh don ÚAO), agus sonraí ón mBord Tionóntachtaí Cónaithe (RTB).[16]

Tá dúshlán ó nádúr ag baint le meastacháin ar sholáthar maidir le líon na mac léinn atá i mbun cóiríochta san earnáil cíosa phríobháidigh níos leithne, ós rud é nach bhfuil ach líon beag sonraí ar fáil agus nach n-aithníonn clárúcháin cíosa phríobháidigh an Bhoird um Thionóntachtaí Cónaithe an mac léinn mar thionónta. Ina theannta sin, tá claonadh i dtreo mhic léinn sa chéad agus sa dara bliain ar fhreagraí suirbhéanna mac léinn. Mar thoradh air sin, tá gá le roinnt toimhdí chun pictiúr ilchodach a thógáil de na socruithe cóiríochta atá ann cheana féin. Tugann sonraí a chuir torthaí Suirbhé Mac Léinn an ÚAO ar fáil in 2023 agus 2024 le fios go bhfuil 80,982 mac léinn ina gcónaí sa bhaile agus go bhfuil 18% den chohórt seo ag tabhairt aghaidh ar chomaitéireachtaí fada os cionn trí huaire an chloig (turais fhillte) go laethúil. Má chuirtear an grúpa seo leis an ngrúpa mac léinn atá ann cheana féin agus atá ina gcónaí ar shiúl ón mbaile, ciallaíonn sé sin go bhfuil cóiríocht ar an gcampas nó gar dó de dhíth ar bheirt as gach triúr mac léinn atá cláraithe in institiúidí ardoideachais poiblí faoi láthair.

[16] RTB, ar fáil ag; **https://rtb.ie/register-tenancies/register-a-tenancy/how-to-register-a-student-specific-accommodation-ssa-tenancy/#register**

Fíor 3. Soláthar Cóiríochta Mac Léinn 2023/2024



Ina theannta sin, táthar ag súil go bhfásfaidh líon na mac léinn fochéime agus iarchéime lánaimseartha go 243,499 faoi 2035. Chun freastal ar na héilimh seo beidh gá le 42,000 leaba bhreise do mhic léinn thar an tréimhse 2026 - 2035. Tugann an figiúr seo aghaidh ar na comaitéireachtaí fada atá roimh thart ar 15,000 mac léinn faoi láthair, chomh maith leis an bhfás déimeagrafach atá réamh-mheasta i líon na mac léinn go dtí 2035.

Oibreoidh RBATNE leis an ÚAO, le hInstitiúidí Ardoideachais aonair agus leis an RTB (Bord Tionóntachtaí Cónaithe) chun feabhas a chur ar na sonraí atá ar fáil le haghaidh athrá ar mheastacháin soláthair agus éilimh amach anseo.

4.3 Píblíne Soláthair

Faoi láthair, tá cead pleanála faighte ag thart ar 14,279 leaba PBSA (príobháideach den chuid is mó) ach níl dul chun cinn déanta orthu, agus imní inmharthanachta luaite go seasta mar an bpríomhbhacainn.

Monatóireacht ar Threochtaí Margaidh

Chun tacú le cinnteoireacht eolasach maidir le treochtaí forbartha PBSA, coinneofar monatóireacht chórasach ar an bpíblíne náisiúnta d'fhorbairtí PBSA. Bíonn margaí cíosa dinimiciúla agus is féidir le tosca seachtracha amhail boilsciú, turasóireacht nó brúnna soláthair tithíochta tionchar a imirt orthu. Comhoibreoidh RBATNE le RTRAO agus leis an RTB chun suirbhé a dhéanamh ar chíos i gceantair timpeall ar na hinstitiúidí ardoideachais chun tuiscint chuimsitheach a fháil ar an gcaoi a mbíonn tionchar ag forbairtí nua PBSA ar mhargaí cíosa áitiúla. Cabhróidh na léargais arna mbailliú le cinntí beartais amach anseo a chur ar an eolas.

Príomhghníomhartha

Gníomhaíocht	Tasc	Úinéir
1 **Soláthar agus Éileamh Cóiríocht do Mhic Léinn a Thuiscint**	Déanfaidh an ÚAO suirbhéanna tréimhsiúla chun sonraí a bhailiú go córasach maidir le tithíocht mac léinn, agus roghanna taistil agus costais ghaolmhara. Déanfaidh na sonraí seo eolas d'fhorbairt beartais, leithdháileadh acmhainní agus seirbhísí tacaíochta do mhic léinn.	• RBATNE • ÚAO
2 **Taighde a dhéanamh ar dinimic cíosa timpeall ar champais institiúidí ardoideachais**	Taighde a dhéanamh ar thionchar PBSA nua-fhorbartha ar phraghsanna cíosa i bpobail chomharsanacha atá suite in aice le hinstitiúidí ardoideachais.	• RBATNE • DHLGH/RTB • ÚAO
3 **Faisnéis Margaidh a Choinneáil**	Rianú píblíne náisiúnta PBSA	• RBATNE • ÚAO

5. Colún Taca Straitéiseach 1

Inmharthanacht agus Soláthar

Díríonn Colún Taca a hAon ar sholáthar 42,000 leaba mac léinn a ghníomhachtú, lena n-áirítear leapacha PBSA Príobháideach, PBSA Poiblí agus Seomra ar Cíos thar thréimhse deich mbliana chun freastal ar na leibhéil éilimh réamh-mheasta. Bainfear é seo amach tríd an timpeallacht a chruthú chun infheistíocht phríobháideach a mhealladh isteach san earnáil agus trí chóiríocht Seomra ar Cíos a chur chun cinn mar úsáid éifeachtúil as an stoc tithíochta atá ann cheana féin.

5.1 Luamháin Inmharthanachta PBSA ar fud an Mhargaidh

Chun forbairt leapacha breise lóistín do mhic léinn ar fud na hÉireann a ghníomhachtú, tá roinnt luamhán agus sásraí beartais á gcur i bhfeidhm:

Athchóiriú Cíosa

Tá athruithe ar reachtaíocht na hearnála cíosa ceadaithe ag an Rialtas[17] a fheicfidh socrú cíosa **nua** PBSA ag rátaí margaidh nuair a thosaíonn an tionóntacht agus ceadaítear méaduithe bliantúla cíosa, agus iad nasctha le boilsciú, mar a thomhaistear leis an Innéacs Praghsanna Tomhaltóirí seachas an Innéacs Comhchuibhithe Praghsanna Tomhaltóirí, ón 1 Márta 2026 (rud a chaomhnóidh an nasc le rátaí margaidh).

- Le haghaidh **soláthar nua PBSA**, méaduithe cíosa sa chéad dá bhliain a bheidh nasc le hInnéacs Praghasanna Tomhaltóirí, gan aon 2% uasteorainn a thosaigh an forbairt tar éis 10 Meitheamh 2025. D'fhéadfadh cíosanna athshocrú go leibhéal an mhargaidh arís ag deireadh gach tréimhse trí bliana.
- Chun mic léinn a chosaint, tugtha timthriallta bliantúla shaol na h-ollscoile, mic léinn in **PBSA atá ann cheana féin** a leanann chun tairbhe a bhaint as cosaintí rialaithe cíosa ar feadh trí bliana eile agus ní bheidh aon athshocrú cíosa i ndán dóibh don chíos an mhargaidh roimh Márta 2029. An chéad socrú cíosa ar nó tar éis 1 Márta 2029, is féidir cíos a athshocrú go rátaí an mhargaidh agus tar éis seo, ag deireadh gach tréimhse trí bliana. Don dá bhliain eile i ngach tréimhse trí bliana, feidhmíonn an srianadh cíosa (2% nó ráta boilscithe (Innéacs Praghasanna Tomhaltóirí), cibé atá níos ísle).

Chun comhlíonadh agus trédhearcacht a threisiú, comhoibreoidh an Roinn le RTRAO agus leis an RTB chun cabhrú leis an RTB ina ról maidir le rialáil cóiríochta atá sainiúil do mhic léinn.

Athruithe ar CBL maidir le hárasáin nua a dhíol

Tugadh isteach beart i mBuiséad 2026 chun CBL a laghdú ó 13.5% go 9% ar dhíol árasán nua, lena n-áirítear PBSA. Táthar ag súil go mbeidh tionchar dearfach ag an mbeart seo, atá i bhfeidhm ón 7 Deireadh Fómhair 2025 go dtí an 31 Nollaig 2030, ar inmharthanacht lóistín mac léinn atá forbartha go príobháideach ar fud na hÉireann trí straitéis scoir a sholáthar d'fhorbróirí nach mian leo úinéireacht an PBSA a choinneáil san fhadtéarma.

Cuireann sé comhartha láidir chuig forbróirí agus infheisteoirí institiúideacha go bhfuil an Rialtas tiomanta don timpeallacht fhioscach a chobhsú le haghaidh forbairt chónaithe agus caipiteal a mhealladh isteach san earnáil tithíochta mac léinn.

Meastar go gcosnóidh an chéad bhliain den laghdú CBL seo €250m, ag ardú go dtí €390m faoi 2030 de réir mar a mhéadaíonn spriocanna tithíochta. Cabhróidh an beart seo leis an mbearna inmharthanachta do PBSA a líonadh agus cabhróidh sé le cuid de na 14,279 leaba a bhfuil cead pleanála acu faoi láthair a ghníomhachtú

Caighdeáin Dearaidh d'Árasáin, Treoirlínte d'Údaráis Phleanála (2025)

I mí Iúil 2025, d'fhoilsigh an tAire Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta, James Browne, agus an tAire Stáit Rialtais Áitiúil agus Pleanála, John Cummins, na Caighdeáin Dearaidh nua d'Árasáin, Treoirlínte d'Údaráis Phleanála (2025).

Feidhmíonn an treoirlínte chuig tithíocht go léir nó forbairtí le húsáid meascadh a chuimsíonn árasáin. Áirítear leis na treoirlínte, a bhaineann le PBSA freisin, foráil shonrach maidir leis an riachtanas i leith seomraí folctha en suite agus leithdháileadh spáis i limistéir chistine/maireachtála agus itheacháin, agus meastar go bhfeabhsóidh siad inmharthanacht fhorbairtí PBSA trí leibhéal bunúsach cóiríochta a sholáthar i bhfianaise a ngaireacht do shaoráidí níos leithne ar an gcampas

An tAcht um Pleanáil agus Forbairt (Leasú) 2025

Tháinig an tAcht um Pleanáil agus Forbairt (Leasú), 2025[18] i bhfeidhm ar 1 Lúnasa 2025, a léiríonn uasdátú straitéiseach do chóras pleanála na hÉireann. Is é a phríomhfhócas seachadadh tithíochta a bhrostú agus úsáid ceadanna pleanála atá ann cheana a bharrfheabhsú. Ceadaíonn sé modhnuithe ar cheadanna atá ann cheana gan iarratas pleanála nua agus ceadaíonn sé síneadh a chur le fad pleanála i gcás forbairtí nár cuireadh tús leo. Laghdaíonn na heilimintí seo moilleanna agus tacóidh siad le tionscadail atá i bhfostú a dhíghlasáil.

[17] An tAcht Sláinte (Forálacha Ilghnéitheacha) (Uimh. 2), 2022; **https://www.irishstatutebook.ie/eli/2022/act/20/enacted/en/html**

[18] An tAcht um Pleanáil agus Forbairt (Leasú) 2025 ar fáil ag **https://www.irishstatutebook.ie/eli/2025/act/9/enacted/en/html**

Táthar ag súil go mbeidh tionchar suntasach ag na bearta atá leagtha amach thuas ar fhorbairt PBSA. Ina theannta sin, is dócha go spreagfaidh an laghdú ar CBL ar dhíolacháin méadú suntasach ar fhorbairt nua, lena n-áirítear cuid de na 14,279 aonad a bhfuil cead pleanála acu cheana féin, ach gan a bheith teoranta dóibh. Meastar go ndéanfaidh aschur faoi stiúir forbróirí príobháideacha, arna thacú ag athchóiriú RPZ, modhnuithe ar chaighdeáin agus laghduithe CBL, rannchuidiú suntasach leis an sprioc fhoriomlán de 42,000 leaba mac léinn faoi 2035.

5.2 Luamháin Inmharthanachta PBSA atá Sonrach do IAOnna Poiblí

Chomh maith leis na bearta atá leagtha amach thuas, d'fhéadfadh go mbeadh gá le tuilleadh luamhán chun infheistíocht ón earnáil phríobháideach a spreagadh maidir le cóiríocht saintógtha do mhic léinn ar an gcampas nó gar dó.

Cé go bhfuil breis agus 15,600 leaba mac léinn ar an gcampas ag na hollscoileanna traidisiúnta—Coláiste na hOllscoile Baile Átha Cliath, Coláiste na Tríonóide Baile Átha Cliath, Ollscoil na Gaillimhe, Ollscoil Luimnigh, Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath, Coláiste na hOllscoile Corcaigh agus Ollscoil Mhá Nuad, níl aon PBSA ag aon cheann de na hOllscoileanna Teicneolaíochta ná de na hInstitiúidí Teicneolaíochta, seachas Ollscoil Teicneolaíochta an Oirdheiscirt, a bhfuil 426 leaba mac léinn faoi úinéireacht phoiblí aici.

I bhfianaise scála na hinfheistíochta atá beartaithe chun an leibhéal torthaí atá ag teastáil go dtí 2035 a bhaint amach, beidh maoiniú ón earnáil phríobháideach riachtanach chun cóiríocht do mhic léinn ar an gcampas nó in aice leis a fhorbairt amach anseo. Mar gheall ar shrianta buiséadacha agus teorainneacha reachtúla fiachais, b'fhéidir nach mbeidh Institiúidí Ardoideachais in ann tionscadail mhórscála a mhaoiniú trí mhaoiniú poiblí traidisiúnta nó iasachtaí díreacha. Cuireann comhoibriú leis an earnáil phríobháideach rogha straitéiseach eile ar fáil trí fhreagracht as maoiniú forbartha a aistriú chuig an earnáil phríobháideach.

Féadfar na luamháin seo a leanas a bhreithniú, i gcás inar gá, chun tacú le hinfheistíocht ón earnáil phríobháideach:

Samhail Dearaidh Caighdeánaithe

I mí an Mheithimh 2025, foilsíodh *an Treoir Dearaidh do Chóiríocht Mhic Léinn atá Urraithe ag an Stát* (an Treoir Dearaidh[19]), ag leagan síos caighdeáin shoiléir, atá bunaithe ar thaighde, do thionscadail PBSA a fhaigheann tacaíocht phoiblí, mar fhreagra ar an Staidéar Costas Tógála Cónaithe, 2023, inar mhol glacadh le teimpléid chaighdeánaithe agus samhlacha costas chun costais forbartha a laghdú agus cur i gcrích tionscadal a shruthlíniú.

Leagtar amach sa Treoir sonraíochtaí íosta le haghaidh príomhspásanna maireachtála agus cuirtear solúbthacht, úsáid éifeachtúil spáis agus inbhuanaitheacht chun cinn inti, agus tá sí dírithe ar chomhsheasmhacht, éifeachtúlacht costais agus amlínte seachadta a fheabhsú ar fud cóiríochta nua saintógtha do mhic léinn. Ceadaíonn an Treoir Dearaidh seomraí leapa staidéir aonair gan seomraí folctha en suite le hachar íosta riachtanach de 8m^2, seomraí folctha comhroinnte, solúbthacht i meascán cineálacha seomraí agus leagann sé amach na híoscheanglais chaighdeánaithe maidir le spásanna cistine/bia/maireachtála spásanna itheacháin/cónaithe Cuireadh príomhghnéithe san áireamh sna Caighdeáin Deartha d'Árasáin, Treoirlínte d'Údaráis Phleanála 2025,[20] a d'eisigh an tAire Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta i mí Iúil 2025. Tá sé léirithe ag an Aire Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta go bhfuil sé ar intinn aige dréacht-Ráiteas Náisiúnta Pleanála a ullmhú le haghaidh faomhadh an Rialtais faoi alt 25 den Acht um Pleanáil agus Forbairt 2024, le measúnú straitéiseach comhshaoil gaolmhar, chun na Treoirlínte maidir le Caighdeáin Dearaidh d'Árasáin a chur ina n-ionad.

Tacaíonn an Treoir Dearaidh le héifeachtúlacht costais agus solúbthacht trí úsáid a bhaint as leagan amach athchleachtach, eangacha struchtúracha in-mhacasamhlaithe agus in-athdhéanta le croíleacáin seirbhíse cruachta.

Cuireann an Treoir ar chumas daoine úsáid a bhaint as Modhanna Nua-Aimseartha Tógála (MMC) freisin, rud a sholáthraíonn cur chuige nuálach i leith tógála le fócas ar luas, éifeachtúlacht agus inbhuanaitheacht. Trí úsáid a bhaint as teicnící amhail réamhdhéanamh, tógáil mhodúlach, agus córais phainéalaithe, ceadaíonn MMC seachadadh níos tapúla, rialú cáilíochta feabhsaithe, agus laghdú ar chur isteach ar an láthair. Tacaíonn na modhanna seo le spriocanna comhshaoil freisin trí laghdú ar dhramhaíl, níos lú carbóin ionchorpraithe, agus éifeachtúlacht dearaidh níos fearr. Tacóidh an Straitéis le húsáid níos mó a bhaint as Modhanna Nua-Aimseartha Tógála chun éifeachtúlachtaí a thiomáint.

[19] Treoir Dearaidh do Chóiríocht do Mhic Léinn atá Urraithe ag an Stát, RBATNE, Meitheamh 2025 ar fáil ag; **https://assets.gov.ie/static/documents/Design_Guide_for_State_Sponsored_Student_Accommodation.pdf**

[20] Caighdeáin dearidh d'árasáin, Treoirlínte d'Údaráis Pleanála 2025, Roinn Tithíochta, Rialtas Áitiúil agus Oidhreacht, Iúil 2025 ar fáil ag **https://assets.gov.ie/static/documents/Planning_Design_Standards_for_Apartments_080725_FINAL.pdf**

Tabharfaidh tionscadail phoiblí cóiríochta saintógtha do mhic léinn atá maoinithe ag an stát aird ar an *Treoir Dearaidh do Chóiríocht do Mhic Léinn atá Urraithe ag an Stát*. Tá sé beartaithe go gcuirfear cineálacha breise leis na Treoirlínte Caighdeánaithe do chóiríocht saintógtha fo mhic léinn Urraithe ag an Stát, a d'fhéadfadh stiúideonna agus spás comhchoiteann a áireamh.

Léiríonn an Treoir Dearaidh rannpháirtíocht fhairsing le mic léinn, soláthraithe agus saineolaithe, agus cuireann sé teimpléad réidh le húsáid ar fáil ar féidir leis luas a chur le rolladh amach tithíochta mac léinn nua-aimseartha, inacmhainne ar fud na tíre.

Talamh faoi úinéireacht Institiúidí Ardoideachais le haghaidh cóiríocht do mhic léinn

Trí shuíomhanna faoi úinéireacht institiúidí ardoideachais a sholáthar, cuirtear ar chumas forbairt talún nach mbeadh ar fáil le haghaidh tithíochta murach sin. Is féidir costas a laghdú agus a tharraingteacht don fhorbróir a fheabhsú trí shuíomh a sholáthar d'fhorbróir faoi cheadúnas fadtéarmach, leis na coimircí riachtanacha. Tá comhaontuithe ceadúnais déanta ag Ollscoileanna Teicneolaíochta cheana féin chun forbairt foirgneamh oideachais ar thalamh faoi úinéireacht institiúidí ardoideachais a éascú tríd an gClár Ardoideachais um Chomhpháirtíochtaí Poiblí Príobháideacha. D'úsáid institiúidí ardoideachais i dtíortha amhail an Ríocht Aontaithe, SAM agus an Astráil meicníochtaí airgeadais agus feithiclí seachadta éagsúla amhail modhanna Dearadh, Tógáil, Maoiniú, Oibriú chun cóiríocht saintógtha do mhic léinn a fhorbairt ar thalamh poiblí. In Éirinn, tá cead pleanála faighte ag institiúidí ardoideachais le haghaidh forbairt PBSA ar an gcampas de thart ar 2,359 leaba mac léinn, agus tá siad ag forbairt tuilleadh tograí go gníomhach a d'fhéadfaí a chur chun cinn trí sheachadadh ón earnáil phríobháideach.

Seirbhísiú Suímh

Chomh maith le tailte atá faoi úinéireacht na n-institiúidí ardoideachais a sholáthar, tacóidh an Straitéis le forbairt suíomhanna ionas gur féidir le hinstitiúidí ardoideachais atá maoinithe go poiblí seirbhísí agus rochtain ar shuíomhanna ar an gcampas a sholáthar. D'fhéadfadh an obair seo bunú topagrafaíochta an láithreáin, coinníollacha talún, agus infhaighteacht agus acmhainn na seirbhísí a áireamh, leis an rogha oibreacha cumasaithe breise a dhéanamh de réir mar is gá. Laghdóidh obair den sórt sin riosca agus cuirfidh sí le tarraingteacht na láithreán d'fhorbairt na hearnála príobháidí.

Déanfaidh an Roinn Breisoideachais agus Ardoideachais, Teicneolaíochta, Nuálaíochta agus Eolaíochta, machnamh ar ghníomhaíochtaí luathchéime ag Institiúidí Ardoideachais atá maoinithe go poiblí, a mhaoiniú amhail, máistirphleanáil campais, measúnuithe suíomhanna, athchóiriú agus soláthar bonneagair, mar chuid de chlár níos leithne beart chun acmhainneacht forbartha na hearnála príobháidí a dhíghlasáil ar shuíomhanna atá faoi úinéireacht Institiúidí Ardoideachais.

Comhaontú Ainmniúcháin

Is conradh foirmiúil idir ollscoil agus soláthraí lóistín príobháideach é comhaontú ainmniúcháin. Ceadaíonn sé don ollscoil líon áirithe mac léinn a "ainmniú" chun cónaí i gcóiríocht phríobháideach atá á hoibriú ag soláthraí, go minic mar mhalairt ar áitíocht ráthaithe, rialú cíosa agus ionchur oibríochtúil. Is coitianta comhaontuithe den sórt sin i bhforbairtí PBSA go hidirnáisiúnta.

Cuireann comhaontú ainmniúcháin ar chumas ollscoile tithíocht a ráthú do mhic léinn, agus baineann oibreoirí leas as áitíocht chomhsheasmhach agus costais mhargaíochta laghdaithe. Mar sin féin, mura soláthraítear an líon mac léinn a comhaontaíodh, d'fhéadfadh sé go mbeadh ar an institiúid ardoideachais an íocaíocht cíosa ghaolmhar a íoc.

Tá cumhachtaí iasachta ag Ollscoileanna Traidisiúnta a chuireann ar a gcumas dliteanais theagmhasacha a bhfuil baint acu le comhaontuithe ainmniúcháin agus iasachtaí a ghlacadh orthu féin faoi Alt 38 d'Acht na nOllscoileanna 1997. Níl cumhachtaí atá ceadaithe ag an rialtas fós ag Ollscoileanna Teicneolaíochta faoi Alt 21 d'Acht na nOllscoileanna Teicneolaíochta, 2018[21], maidir le hIasachtaí, Ráthaíochtaí agus Frithghealladh. Chun lánacmhainneacht na gcomhaontuithe ainmniúcháin a bhaint amach, oibreoidh RBATNE leis na Ranna Airgeadais, Caiteachais Phoiblí, Bonneagair, Athchóirithe na Seirbhíse Poiblí agus Digitithe, agus leis an ÚAO, chun sásraí airgeadais, rialuithe agus coimircí iomchuí a dhearadh a chuirfidh ar chumas Ollscoileanna Teicneolaíochta dul i mbun comhaontuithe ainmniúcháin, ag baint úsáid as na cumhachtaí iasachta dá bhforáiltear in Acht na nOllscoileanna Teicneolaíochta 2018 ar bhonn dian-theoranta. Beidh an próiseas seo treoraithe ag rannpháirtíocht NewERA, a sholáthraíonn comhairle airgeadais agus tráchtála d'Airí agus do Ranna Rialtais. Beidh gá le ceadú ón Aire Caiteachais Phoiblí, Bonneagair, Athchóirithe na Seirbhíse Poiblí agus Digitithe agus ón Aire Airgeadais le haghaidh gach comhaontú ainmniúcháin aonair. Tá sé beartaithe go mbeidh céim phíolótach tosaigh ann, chun DFHERIS a cheadú, le cúnamh New ERA agus na hIAO, chun foghlaim an ionstraim beartais is fearr a chur i bhfeidhm agus chun réamh-mheasúnú a sholáthar a éifeachtúlacht, éifeachtúlacht costais agus tionchar níos leithne.

Ag féachaint don éilimh mhéadaigh atá ar chóiríocht do mhic léinn, tacóidh an Roinn Breisoideachais agus Ardoideachais, Teicneolaíochta Nuálaíochta agus Eolaíochta le forbairt comhaontuithe ainmniúcháin do fhorbairtí nua cóiríochta saintógtha do mhic léinn amháin, toisc gurb é aidhm na hionstraime beartais seo soláthar méadaithe a spreagadh.

[21] Acht na nOllscoileanna Teicneolaíochta 2018, ar fáil ag; **https://www.irishstatutebook.ie/eli/2018/act/3/enacted/en/html**

5.3 Clár Cóiríochta do Mhic Léinn in Institiúidí Ardoideachais

Chun cur chuige comhsheasmhach a chinntiú i leith soláthar cóiríochta mac léinn atá faoi thacaíocht an Stáit, bhunaigh RBATNE i gcomhar leis an ÚAO Clár Cóiríochta Mac Léinn náisiúnta san Earnáil Theicneolaíoch chun cur ar chumas Ollscoileanna Teicneolaíochta agus Institiúidí Teicneolaíochta tograí a chur isteach le haghaidh cóiríochta mac léinn ar a bpríomhchampas nó in aice leis.

Faoin Straitéis, leathnófar an clár seo chun ollscoileanna traidisiúnta a áireamh chun go mbeidh an earnáil, iomlán, in ann freastal ar an éileamh méadaitheach ar chóiríocht do mhic léinn ar fud na hÉireann. Tá athbhreithniú ón ÚAO ar leibhéil an éilimh ar chóiríocht do mhic léinn ar leibhéal náisiúnta agus réigiúnach, arna dhéanamh i gcomhar le hInstitiúidí Ardoideachais aonair, mar bhonn agus taca leis an gclár.

Chríochnaigh an chéad chéim den chlár in 2024 le haighneacht de thuairiscí measúnuithe straitéiseacha ag IAO do roghanna éagsúla d'fhorbairt tionscadail cóiríochta mac léinn ar nó lasmuigh den champas. A chuimsítear IAO forbairt faoi stiúir, forbairt earnála príobháideacha, IAO, comhpháirtíochtaí, léasaithe, agus ainmniúcomhaontuithe.

Baineann an dara céim den chlár le forbairt agus meastóireacht a dhéanamh ar na cásanna gnó réamhchéime tosaigh (mar a shainmhínítear sna Treoirlínte Bonneagair), lena n-áirítear insint agus samhlacha airgeadais agus eacnamaíocha. Beidh an obair seo bunaithe ar mheasúnú seachtrach ar mheicníochtaí seachadta féideartha, atá coimisiúnaithe ag an ÚAO. Phléigh an measúnú seo ar an réimse iomlán de mheicníochtaí seachadta féideartha agus rinne sé iad a mheas bunaithe ar shaineolas tionscail, ar infhaighteacht mhaoiniú an Stáit agus ar luas freagartha, agus déanfar tuilleadh tástála orthu trí chleachtadh rannpháirtíochta leis an margadh. Táthar ag súil go mbeidh cásanna gnó réamhdhéanta críochnaithe bunaithe ar an rannpháirtíocht seo leis an margadh i rith 2026.

Tá measúnú na gcásanna gnó réamhdhéanta á threorú ag cleachtadh rannpháirtíochta leis an margadh chun suim a mheas maidir le cóiríocht saintógtha do mhic léinn a fhorbairt faoi cheadúnas ar thalamh faoi úinéireacht Institiúidí Ardoideachais agus freisin ar thalamh faoi úinéireacht phríobháideach le tacaíocht ó chomhaontuithe ainmniúcháin.

Tabharfar cuireadh do thionscadail a chomhlíonann riachtanais réamhchéime an cháis ghnó páirt a ghlacadh i bpróiseas rannpháirtíochta struchtúrtha idir Institiúidí Ardoideachais agus an pobal forbartha chun infheistíocht ón earnáil phríobháideach a chumasú. Tacóidh léargais ón rannpháirtíocht seo le forbairt caidrimh chonarthacha idir forbróirí agus Institiúidí Ardoideachais. I gcás inarb iomchuí, féadfaidh na socruithe seo eilimintí amhail dearadh caighdeánaithe, soláthar talún atá faoi úinéireacht na hinstitiúidí ardoideachais, seirbhísiú láithreáin agus comhaontuithe ainmniúcháin a áireamh chun forbairt phríobháideach PBSA ar an gcampas a chumasú. Déanfar rannpháirtíocht mhargaidh agus próiseas ina dhiaidh sin maidir le léirithe spéise ar bhonn céimnithe in 2026.

Tá sé beartaithe ag RBATNE tacaíocht na Gníomhaireachta Airgeadais Forbartha Náisiúnta (NDFA) a fháil le haghaidh comhairle maidir leis na socruithe atá beartaithe faoin gcleachtadh rannpháirtíochta margaidh agus forbairt clár. Cuireann an NDFA comhairle airgeadais ar fáil d'údaráis Stáit maidir leis na tionscadail infheistíochta poiblí sin a tharchuirtear chuici, a bhfuil luach caipitil os cionn €75m acu. Chomh maith leis sin, soláthraíonn agus seachadann sé tionscadail Chomhpháirtíochta Poiblí Príobháidí de réir mar a iarrann údaráis Stáit, lena n-áirítear an Clár Ardoideachais Chomhpháirtíochta Poiblí Príobháidí thar ceann RBATNE.

Comhlíonadh Cúnaimh Stáit

Déanfar athbhreithniú ar Chlár Cóiríochta Mac Léinn na n-Institiúidí Ardoideachais lena chinntiú go ndéantar é a bhainistiú agus aird iomlán á tabhairt ar fhorálacha reachtaíochta an Chúnaimh Stáit. Trí phróisis oscailte, trédhearcacha agus iomaíocha a bhaineann úsáid as uirlisí amhail tástáil mhargaidh agus léirithe spéise oscailte, oibreoidh an clár faoi ghnáthchoinníollacha margaidh agus cuirfidh sé rochtain chomhionann ar fáil do gach rannpháirtí cáilithe. Ní hamháin go gcuideoidh sé seo le comhlíonadh rialacha cúnaimh stáit ach cabhróidh sé freisin leis na réitigh PBSA is cost-éifeachtaí agus is éifeachtúla a aithint do gach institiúid ardoideachais.

5.4 An Scéim Faoisimh um Sheomra ar Cíos

Chomh maith le PBSA, is foinse thábhachtach leapacha mac léinn í cóiríocht Seomra ar Cíos agus cuirfear chun cinn go gníomhach í tríd an straitéis seo.

Tacaítear le cóiríocht Seomra ar Cíos tríd an *Scéim Faoisimh Seomra ar Cíos*[22] Ligeann an Scéim d'úinéirí tí suas le €14,000 a thuilleamh in aghaidh na bliana trí sheomra a ligean ar cíos ina n-áit chónaithe úinéara-áitithe gan dliteanas cánach a thabhú.

Chun rannpháirtíocht sa Scéim a leathnú, i mBealtaine 2022 thug an Roinn Coimirce Sóisialaí neamhaird isteach ar an ioncam seo i gcás íocaíochtaí leasa shóisialaigh de réir tástála acmhainní agus i mBealtaine 2023 leathnaíodh an neamhaird seo chuig tionóntaí tithíochta sóisialta. I mí Eanáir 2024, cheadaigh an Rialtas reachtaíocht chun neamhaird a dhéanamh ar suas le €14,000 in ioncam ó Sheomra ar Cíos agus incháilitheacht do Chártaí Leighis nó Cártaí Cuairte Dochtúra Teaghlaigh á measúnú. Tugadh an t-athrú seo isteach faoin mBille Forálacha Ilghnéitheacha Sláinte 2024.

Tuairiscíodh i *dTuarascáil Costas Caiteachais Cánach Ioncaim*[23], ina meastar costas i dtéarmaí ioncaim a cailleadh, chomh maith le líon na ndaoine a bhain leas as faoisimh agus díolúintí, gur éiligh 16,580 aonad cáiníocóra an díolúine ioncaim ó Sheomra ar Cíos in 2023 ar chostas €42.1 milliún, méadú de 2,400 aonad cáiníocóra agus €6.3 milliún in ioncam a cailleadh ó 2022.

Ag aithint an tábhachtacht de chóiríocht Seomra-ar-Cíos mar chuid bunaithe den tsoláthartírdhreach, leanann an Roinn chun feachtais cumarsáide bliantúla a eagrú chun glacdh leis an Scéim Faoisimh Seomra ar-Cíos agus IAO a bheidh cúram orthu cur chun cinn a dhéanamh agus tacaíocht don oibriú éifeachtach de choiríocht Seomra-ar-Cíos sna limistéir.

Cosaintí Seomra ar Cíos: Creat Rialála Deonach

Ós rud é nach dtagann maoine úinéir-áitithe faoi chúram an RTB, tá creat rialála deonach agus comhaontú ceadúnais samplach forbartha ag an Roinn chun cabhrú le húinéirí tí/tionóntaí príomhúla agus le mic léinn ar mian leo leas a bhaint as an scéim araon.[24] Ba chóir do gach institiúid ardoideachais comhaontuithe samplacha a bheith ar a láithreáin ghréasáin agus a n-úsáid a spreagadh.

Creat Deonach um Dhearbhú Cáilíochta Seomra ar Cíos

Oibríonn roinnt institiúidí ardoideachais ardáin fógraíochta inmheánacha a ndéanann a bhfoirne cóiríochta monatóireacht agus grinnscrúdú orthu. Úsáideann daoine eile seirbhísí seachtracha amhail 'Student Pad', rud a chuireann ar chumas institiúidí athbhreithniú a dhéanamh ar liostálacha agus freagairt d'aiseolas mac léinn agus tiarnaí talún. Feidhmíonn an cineál seo dearbhaithe cáilíochta mar chosaint i gcoinne mí-úsáide féideartha agus cuidíonn sé le caighdeán iontaofa cóiríochta a choinneáil.

Beidh sé de chúram ar Institiúidí Ardoideachais maoirseacht a dhéanamh ar liostálacha Seomra ar Cíos atá sonrach do mhic léinn agus iad a mheasúnú trí chreat struchtúrtha, deonach, ag baint úsáid as ardán inmheánach nó bogearraí chun cóiríocht do mhic léinn a liostáil.

Taighde ar rannpháirtíocht sa Scéim Seomra ar Cíos

Tá ról suntasach ag cóiríocht Seomra ar Cíos in earnáil tithíochta mac léinn. Chun léargas níos soiléire a fháil ar an bhfoinse soláthair seo, déanfaidh an Roinn taighde ar rannpháirtíocht sa Scéim Seomra ar Cíos.

Déanfaidh an taighde:

- Iniúchadh ar inspreagadh daoine aonair a roghnaíonn seomraí a ligean ar cíos faoin scéim.
- Na bacainní nó na díspreagthaí a chuireann cosc ar dhaoine eile páirt a ghlacadh a aithint.
- Déan measúnú ar ról na tacaíochta institiúideach (m.sh. ardáin ghréasánbhunaithe Institiúidí Ardoideachais) maidir le tionchar a imirt ar rannpháirtíocht.
- Moltaí a chur ar fáil chun an glacadh a fheabhsú agus cáilíocht a chinntiú do mhic léinn.
- Déan leibhéil ghlactha na cóiríochta Seomra ar Cíos a chainníochtú tuilleadh.
- Tuiscint a fháil ar scála agus cúiseanna na dtorthaí míshásúla a chuirfidh eolas ar fáil maidir le nuashonrú ar an gcreat rialála deonach.

[22] Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim, ar fáil ag; **https://www.revenue.ie/en/personal-tax-credits-reliefs-and-exemptions/land-and-property/rent-a-room-relief/index.aspx**

[23] Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim (Lúnasa 2025)

[24] Seomra ar Cíos - Creat Rialála Deonach ar fáil ag; **https://www.gov.ie/en/department-of-further-and-higher-education-research-innovation-and-science/ publications/rent-a-room-voluntary-regulatory-framework/**

5.5 Comaitéireacht Inbhuanaithe

Tacaíonn an straitéis le bheith ag Cónaí sa Bhaile freisin, mar chineál inmharthana cóiríochta do mhic léinn ach amháin i gcás ina bhfuil taisteal inbhuanaithe.

Comhlánaíonn sé cuspóirí na Straitéise Bainistíochta Éilimh Iompair "*Ag Bogadh le Chéile*"[25] atá ag teacht chun cinn, a bhfuil sé mar aidhm aici srian a chur le héileamh iomarcach ar iompar. Chun tacú leis seo, tugann an straitéis chóiríochta do mhic léinn cumhacht d'Institiúidí Ardoideachais a gcumas chun iompar inbhuanaithe a mheas a fheabhsú. Áirítear leis seo leas a bhaint as léargais atá bunaithe ar shonraí chun soghluaisteacht mac léinn a mheas agus chun tacú le patrúin chomaitéireachta éifeachtúla.

Tacaíonn an Straitéis le leathnú agus éagsúlú roghanna cóiríochta do mhic léinn agus comhlánaíonn sí an Plean Soghluaisteachta Inbhuanaithe Náisiúnta atá le teacht, agus í ag aithint gur fachtóir suntasach é infhaighteacht cóiríochta do mhic léinn a mbíonn tionchar aige ar phatrúin comaitéireachta mac léinn.

Tionscadal Píolótach: Comaitéireacht chuig an gCampas a Athshamhlú

Forbrófar tionscadal píolótach chun creat a bhunú le haghaidh comhoibriú méadaithe idir Institiúidí Ardoideachais, an t-Údarás Náisiúnta Iompair, údaráis áitiúla, agus oibreoirí iompair chun roghanna comaitéireachta inbhuanaithe a fheabhsú do mhic léinn.

I measc na bpríomhchodanna tá:

- **Rannpháirtíocht straitéiseach leis an Údarás Náisiúnta Iompair:** bealaí foirmiúla le haghaidh comhairliúcháin agus pleanála chun riachtanais iompair institiúidí ardoideachais a ailíniú le straitéisí soghluaisteachta náisiúnta.
- **Rannpháirtíocht ghníomhach sa scéim taistil níos cliste:** siúl, rothaíocht agus iompar poiblí a chur chun cinn trí fheachtais feasachta, feabhsuithe bonneagair agus dreasachtaí iompraíochta.
- **Comhordú áitiúil:** rannpháirtíocht le soláthraithe iompair réigiúnacha chun bealaí, sceidil agus pointí rochtana a fhreastalaíonn ar champais institiúidí ardoideachais a bharrfheabhsú.
- **Pleanáil atá bunaithe ar shonraí:** bailiú agus anailís ar phatrúin comaitéireachta chun eolas a chur ar fáil d'idirghabhálacha spriocdhírithe agus chun monatóireacht a dhéanamh ar thionchar.
- **Rannpháirtíocht mac léinn agus foirne:** pobail an champais a áireamh i gcomhdhearadh réiteach chun ábharthacht agus glacadh a chinntiú.

Fuair Suirbhé Mac Léinn an Údaráis um Ardoideachas in 2024 amach go mbíonn ar chuid shuntasach de mhic léinn comaitéireacht fhada a dhéanamh ón mbaile, rud a d'fhéadfadh an cumas chun páirt iomlán a ghlacadh sa saol acadúil agus seach-churaclaim a lagú. Tá sé mar aidhm ag an Straitéis seo tacú le mic léinn cónaí sa bhaile i gcás ina bhfuil an t-am comaitéireachta níos lú ná 3 huaire an chloig san iomlán. Comaitéireacht a mhaireann níos mó ná trí huaire atá beartaithe iomarcach agus a léiríonnan gá do chóiríochtníos gaire don champas. Tá an riachtanas seo curtha san áireamh sna réamh-mheastacháin éilimh i gCaibidil 4 thuas.

Glacann Institiúidí Ardoideachais páirt faoi láthair sa Chlár Campas Taistil Níos Cliste[26], ar clár athraithe iompraíochta é a oibríonn le Campas Tríú Leibhéal chun Pleananna Taistil Campas deonacha a chur i bhfeidhm a chuireann chun cinn agus a spreagann comaitéireacht inbhuanaithe agus ghníomhach. Faoin Straitéis, beidh riachtanas ag IAO maoinithe go poiblí go léir chun páirt a ghlacadh i dTaisteal Cliste Clár Marcanna, agus chun beartais taistil inbhuanaithe a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm mar chuid a eastát agus straitéiseacha cóiríochta. Áireofar leis seo bearta chun tacú le hiompar gníomhach agus poiblí.

Trína tionscnaimh, rannchuideoidh an Straitéis le laghdú a dhéanamh ar an éileamh ar iompar ar champas agus timpeall air trí chultúr soghluaisteachta inbhuanaithe a chothú ar fud na hearnála.

[25] Roinn Iompair, ar fáil ag **www.gov.ie/en/department-of-transport/consultations/public-consultation-moving-together-a-strategic-approach-to-the-improved-efficiency-of-the-transport-system-in-ireland/**

[26] TFI Is tionscnamh de chuid an Údaráis Náisiúnta Iompair é Taisteal Níos Cliste TFI do Champas atá ar fáil ag **https://www.nationaltransport.ie/tfi-smarter-travel/smarter-travel-campus/**

Príomhghníomhartha: Inmharthanacht

Gníomhaíocht	Tasc	Úinéir
4 Beartas Comaitéireachta Inbhuanaithe an Champais	Forbróidh agus tacóidh an IAO le Beartas Comaitéireachta Inbhuanaithe ar an gcampas.	• RBATNE • ÚAO • Institiúidí Ardoideachais
5 Comaitéireacht Inbhuanaithe	Forbrófar tionscadal píolótach chun creat a bhunú le haghaidh comhoibriú méadaithe idir na hInstitiúidí Ardoideachais, an tÚdarás Náisiúnta Iompair (NTA), Údaráis Áitiúla, agus oibreoirí iompair chun roghanna taistil inbhuanaithe do mhic léinn a fheabhsú.	• RBATNE • R/Iompair • ÚAO
6 Samhail Dearaidh Caighdeánaithe	Cineálacha breise a fhorbairt le cur leis na Treoirlínte Caighdeánaithe do PBSA Urraithe ag an Stát agus modúil amhail na nithe seo a leanas le breithniú; • stiúideonna • spás pobail	• RBATNE • ÚAO
7 Tacaigh le hOllscoileanna chun freastal ar riachtanais chóiríochta mac léinn	Dear Creatlach teoranta faoi S.1 den Achta TU 2018 d'ainmniú comhaontaithe chun tacaíocht a thabhairt do chóiríocht mac léinn.	• RBATNE • R/Airgeadais • DPER
8 Suíomhanna Seirbhísithe	Faoi réir imréiteach Státchabhrach, acu le hInstitiúidí Ardoideachais atá maoinithe go poiblí chun suíomhanna straitéiseacha a ullmhú le haghaidh forbairt cóiríochta saintógtha agus measúnú a dhéanamh ar indéantacht mhaoiniú a thabhairt do fhorbairt suíomhanna príobháideacha in aice leis an gcampas chun inmharthanacht tionscadal a fheabhsú agus seachadadh a bhrostú.	• RBATNE • ÚAO
9 Feachtas Cumarsáide Faoisimh Seomra ar Cíos	Feachtas cumarsáide a fhorbairt chun tacú le glacadh leis an Scéim Faoisimh um Sheomra ar Cíos.	• RBATNE • IAOnna
10 Taighde ar rannpháirtíocht sa Scéim Faoisimh Seomra ar Cíos	Chun léargas níos soiléire a fháil ar an earnáil chóiríochta seo, déanfaidh an Roinn taighde ar rannpháirtíocht sa Scéim Faoisimh Seomra ar Cíos.	• RBATNE
11 Cleachtadh rannpháirtíochta margaidh a dhéanamh	Iarrfaidh RBATNE comhairle ón nGníomhaireacht Airgeadais d'Fhorbairt Náisiúnta maidir le rannpháirtíocht struchtúrtha sa mhargadh ar chlár cóiríochta mac léinn na n-nInstitiúidí ardoideachas. Cuirfidh ÚAO an de réir mar is gá chun cabhrú leis an rannpháirtíocht seo a chumasú.	• RBATNE • ÚAO

6. Colún Taca Straitéiseach 2

Inmharthanacht Ag Tacú le Mic Léinn

Pléann an dara colún den Straitéis inacmhainneacht. Tacaíonn sé le haidhmeanna an *Phlean Náisiúnta Rochtana* chun cothromas rochtana ar ardoideachas a chur chun cinn.

Tá sé mar aidhm aige cabhrú le daoine aonair ó ghrúpaí tearcionadaithe agus faoi mhíbhuntáiste páirt iomlán a ghlacadh san oideachas tríú leibhéal.

Tá sé mar aidhm aige tacaíocht airgeadais spriocdhírithe a sholáthar go díreach do mhic léinn, beag beann ar cibé an bhfuil siad ina gcónaí sa bhaile, i gcóiríocht Seomra ar Cíos, ar cíos príobháideach, nó in PBSA poiblí nó príobháideach.

6.1 Luamháin Inacmhainneachta RBATNE

Tá laghdú suntasach tagtha ar inacmhainneacht lóistín do mhic léinn le blianta beaga anuas. Thug Athbhreithniú Neamhspleách ar an Scéim Deontas do Mhic Léinn le Indecon Consultants[27] a foilsíodh in 2022 faoi deara gurbh í an chóiríocht an costas aonair ba mhó a bhí roimh mhic léinn, agus gur bhain sé le thart ar 32% de chaiteachas míosúil mac léinn.

Tá méadú suntasach tagtha ar chostais lóistín sna blianta idir an dá linn, agus tugann suirbhéanna mac léinn an ÚAO in 2023 agus 2024 le fios go bhfuil mic léinn ag íoc €700 in aghaidh na míosa ar lóistín ar an meán, figiúr atá i bhfad níos mó ná meánráta caighdeánach deontais chothabhála SUSI dóibh siúd a bhfuil a bpríomháit chónaithe níos mó ná 30km ón institiúid ardoideachais a bhfreastalaíonn siad uirthi. Léiríonn an straitéis seo an gá atá ann an meath seo a athrú. Chun a chinntiú go bhfuil sé ailínithe le taithí fhíorshaoil na mac léinn, leanfar de chostais iomlána lóistín na mac léinn a rianú i leaganacha amach anseo den suirbhé mac léinn. Déanfaidh RBATNE iarracht tacaí a mhéadú tríd an bpróiseas meastachán chun an meath ar inacmhainneacht do mhic léinn NAP a athrú.

Leanfaidh RBATNE de bheith ag abhcóideacht ar fud an Rialtais chun polasaithe a fheabhsaíonn inacmhainneacht lóistín do gach mac léinn a choinneáil agus a leathnú.

Tá roinnt tacaíochtaí inacmhainneachta forbartha ag An Roinn Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta atá dírithe ar ghrúpaí sonracha mac léinn. Beidh sé mar sprioc na leibhéil tacaíochta a chuirfear ar fáil a mhéadú tríd an bpróiseas meastachán bliantúil.

Scéim um Dheontais do Mhic Léinn

Is í Scéim na nDeontas Mac Léinn, arna riar ag Student Universal Support Ireland (SUSI), an phríomhscéim tacaíochta airgeadais do mhic léinn atá ag staidéar ar chúrsaí lánaimseartha ceadaithe tríú leibhéal in Éirinn, agus clúdaíonn sí an breisoideachas agus an t-ardoideachas araon.

Roinntear deontais mhac léinn ina nDeontais Cothaithe agus/nó ina nDeontais Táillí. Is ranníocaíocht i dtreo chostais mhaireachtála an mhic léinn í an deontas cothaithe, agus soláthraíonn an scéim leibhéil éagsúla tacaíochta cothaithe ag brath ar acmhainn an iarratasóra, a shainítear de réir tairseacha éagsúla ioncaim agus critéir chóngarachta (an fad ón bpríomháit chónaithe go dtí an coláiste). Le bheith incháilithe do dheontas, caithfidh ioncam teaghlaigh iarratasóra a bheith laistigh de na tairseacha ioncaim (Tairseacha) atá leagtha amach sa Scéim na nDeontas Mac Léinn (Fíor 4).

D'fhéadfadh costais i bhfad níos airde a bheith ar mhic léinn atá ina gcónaí níos faide ó na hinstitiúidí, maidir le hiompar agus cóiríocht. Is féidir leis na costais seo bac a chur ar rannpháirtíocht agus ar fhanacht san oideachas tríú leibhéal. Aithníonn Scéim na nDeontas Mac Léinn é seo trí dheontas ar ráta níos airde a chur ar fáil, ar a dtugtar an deontas "neamhchóngarach".

Bronntar an Deontas Cothabhála Neamh-chomharsanachta ar mhic léinn incháilithe a bhfuil a bpríomháit chónaithe 30km nó níos mó óna n-institiúid agus is ionann é agus sásra tacaíochta ríthábhachtach dóibh siúd atá os comhair costais arda a bhaineann le taisteal, cóiríocht agus maireachtáil laethúil. Díreofar an deontas ar mhéadú i bpróisis mheastacháin amach anseo ag cur leis an €10.5m breise a leithdháileadh i mBuiséad 2026, rud a thabharfaidh an leithdháileadh iomlán do mhic léinn neamh-chomharsanachta go €146.5m don bhliain acadúil 2025/2026.

Bronntar an Deontas Cothaithe Neamhchóngarach thar chúig bhanda deontais, ag brath ar ioncam inchurtha an teaghlaigh. Mhéadaigh Buiséad 2026 gach ráta neamhchóngarach faoi €200 ar a laghad ó Mheán Fómhair 2026, le méadú ar bhonn pro rata don bhliain acadúil 2026 idir €111–€239, rud a rachaidh chun tairbhe do bheagnach 30,000 mac léinn PLC, fochéime agus iarchéime.

[27] *Athbhreithniú ar an Scéim Deontas do Mhic Léinn*, Indecon, 2022 ar fáil ag: **https://www.indecon.ie/assets/files/pdf/report_on_indecon_review_of_the_student_grant_scheme.pdf**

Fíor 4. Rátaí Deontais Chothabhála Neamh-Chóngaracha SUSI

Banda Deontais	Trealamh Ioncaim 2025/26	Faighteoirí 2025/2026	Ráta Neamh-Chóngarach 2024/2025	Buiséad 2026 Méadú Bliantúi	Ráta Neamh-Chóngarach 2026/2027
Ráta Speisialta	€28,600	8,747	€7,586	€350	€7,936
Banda 1	€47,010	14,889	€4,292	€430	€4,722
Banda 2	€48,270	764	€3,332	€200	€3,532
Banda 3	€51,040	1,523	€2,502	€200	€2,702
Banda 4	€58,470	3,905	€1,666	€200	€1,866

Tabhair faoi deara: Is scéim í Scéim na nDeontas Mac Léinn atá bunaithe ar an éileamh, agus tá na meastacháin rannpháirtithe bunaithe ar líon na n-iarratasóirí deontais ar íocadh leo don bhliain 2024/2025. Méadaítear na tairseacha ioncaim beagán do theaghlaigh a bhfuil ceathrar cleithiúnaithe nó níos mó acu, nó níos mó daoine ábhartha i mbun breisoideachais/ardoideachais.

Is beart bunaithe ar shonraí, freagrach go sóisialta agus ailínithe le beartas é tosaíocht a thabhairt do bhearta maoinithe do fhaighteoirí ráta speisialta neamhchóngaraigh SUSI, chun tacaíochtaí a spriocdhíriú ar mhic léinn a dhéanann comaitéireacht fadraoin nó a chaithfidh cóiríocht ar cíos a fháil agus iad ag freastal ar an gcoláiste. Cinntíonn sé go ndírítear tacaíochtaí airgeadais ar mhic léinn a bhíonn ag tabhairt aghaidh ar bhacainní breise maidir le rochtain a fháil ar ardoideachas agus rath a bhaint amach ann, rud a neartaíonn prionsabail na cothroime, na cuimsitheachta agus na deise atá i gcroílár chóras oideachais na hÉireann.

Is féidir le mic léinn ar chúrsa lánaimseartha ceadaithe suas le €8,424 den ioncam a shaothraíonn siad lasmuigh den téarma a asbhaint. Tugtar Tuilleamh Saoire air seo, agus baineann an asbhaint le hioncam a shaothraítear le linn shaoire na Cásca, shaoire an tSamhraidh agus shaoire na Nollag; agus ní chuirtear san áireamh é chun críocha ioncam teaghlaigh a chinneadh.

PATH 2 - Sparánacht 1916

Bunaíodh Ciste Sparánachta 1916 in 2017 chun tacú le cur chuige nuálacha chun uaillmhianta, spriocanna, cuspóirí, gníomhartha agus spriocanna an Phlean Rochtana Náisiúnta a bhaint amach.

Is dámhachtain airgeadais é an Sparánacht chun rannpháirtíocht agus rath na mac léinn a spreagadh atá faoi mhíbhuntáiste socheacnamaíoch is mó agus ó ghrúpaí a thagann ó atá faoi ionadaíocht is mó in ardoideachais, a chuimsíonn:

- Mic Léinn ó chúlraí faoi ionadaíocht socheacnamaíoch,
- Mic léinn atá faoi mhí-chumas
- Mic léinn atá ingcúramóirí,
- Mic léinn atá QQI nó sealbhóirí dámhachtana breisoideachais,
- Tuismitheoirí aonair/nó déagóra atá ag fáil íocaíocht leasa shóisialaigh fadtéarmach de réir tástálaí acmhainní,
- Baill den Lucht Siúil agus Romach pobail,
- Mic léinn fásta den chéad uair agus mic léinn fásta don dara uair agus daoine ó mhionlaigh eitneacha atá i láthair go dleatach sa Stát.

Tá méadú suntasach tagtha ar an maoiniú iomlán ón Stát don sparánacht, ó €1.25 milliún in 2020/21 go dtí thart ar €8.76 milliún in 2024/25.

Sa bhliain acadúil 2024/25, bhí thart ar 2,698 faighteoir sparánachta ann. Díobh seo, ba fhaighteoirí nua iad 1,392, arna gcatagóiriú thar thrí Shraith. Is é an costas a bhaineann leis na faighteoirí nua seo ná thart ar €3.58 milliún.

Fíor 5. Spáranacht 1916 faighteoirí nua 2024/2025

Catagóir Sparánachta	Luach Sparánachta	Faighteoirí Nua 2024/25
Leibhéal 1	€5,000 in aghaidh na bliana	400
Leibhéal 2	€2,000 in aghaidh na bliana	200
Leibhéal 3	€1,500 aonuaire	792
Iomlán		**1,392**

Scéim Chúnaimh Cóiríochta Mac Léinn

Chun an chóiríocht a bhaint mar bhac ar an ardoideachas do mhic léinn i ngrúpaí tosaíochta, fuair RBATNE maoiniú ó Chuntais Dhíomhaoine i mí na Samhna 2023 chun Scéim Chúnaimh Cóiríochta do Mhic Léinn a phíolótú do mhic léinn den Lucht Siúil, do mhic léinn Romacha agus do mhic léinn a bhfuil taithí cúraim acu.

In 2024/2025, leithdháileadh €412,000 agus bhain ochtó cúig mac léinn leas as an scéim, lena n-áirítear seasca ceathair ó chúlraí an Lucht Siúil/na Romach agus fiche a haon foghlaimeoir a bhfuil taithí cúraim acu.

Ag cur leis an rath a bhí air, fuarthas €600,000 i maoiniú ó Chuntais Dhíomhaoine do 2025/2026 chun leanúint leis an scéim um Chúnamh Cóiríochta do Mhic Léinn, ag soláthar tacaíochta airgeadais do mhic léinn atá ina gcónaí go neamhspleách agus iad ag freastal ar oideachas tríú leibhéal.

Tá iarratais den chéad bhabhta don scéim um Chúnamh Cóiríochta do Mhic Léinn 2025/2026 ceadaithe. Leithdháileadh breis is €630,000 i mí na Samhna 2025, chun leas céad seacht mac léinn déag, lena n áirítear seasca ceathair mac léinn de chuid an Lucht Siúil, cúigear déag mac léinn de chuid na Roma, agus tríocha hocht mac léinn a bhfuil taithí acu ar an gcóras cúraim.

Ag tarraingt ar léargais ón gclár píolótach 2024 agus 2025 atá maoinithe ag Ciste na gCuntas Díomhaoine, ceapfaidh an tAonad Cóiríochta do Mhic Léinn tionscnamh tacaíochta spriocdhírithe do mhic léinn Romacha, do mhic léinn den Lucht Siúil, agus do mhic léinn a bhfuil taithí cúraim acu. Cuirfidh an clár seo sparánachtaí ar fáil chun cabhrú le costais lóistín. Lorgófar maoiniú tríd an bpróiseas Meastachán d'fhonn an tionscnamh a sheoladh sa bhliain acadúil 2026/2027.

Tá guth na mac léinn riachtanach chun polasaí a mhúnlú a léiríonn an réaltacht bheo i ndáiríre. Ba mhaith leis an Roinn buíochas ó chroí a ghabháil leis na mic léinn a roinn a dtaithí phearsanta linn. Taobh thiar de gach cinneadh beartais agus leithdháileadh maoinithe bíonn mac léinn ag déileáil le brú airgeadais, freagrachtaí cúraim, míchumas nó míbhuntáiste sóisialta. Léiríonn a dtaithí nach bearta airgeadais amháin atá i dtacaíochtaí cóiríochta; soláthraíonn siad cobhsaíocht, dínit agus deis fíor chun rath a bhaint amach.

Is samplaí cumhachtacha iad na teistiméireachtaí a leanas den difríocht is féidir le tacaíocht spriocdhírithe a dhéanamh.

Guth an Mhic Léinn
Mac Léinn a bhfuil Taithí Cúraim aige/aici[28]

"Chaith mé tamall faoi chúram TUSLA mar ní raibh ceachtar de mo thuismitheoirí in ann aire a thabhairt dom. Ní bhfuair mé aon tacaíocht nuair a bhain mé 18 mbliana amach, toisc nach raibh mé faoina gcúram ar feadh dhá bhliain.

Thosaigh mé ar an gcoláiste nuair a bhí 20 bliain d'aois agus smaoinigh mé ar éirí as arís agus arís eile sa chéad seimeastar mar ní raibh aon bhealach agam cíos i mBaile Átha Cliath a íoc agus cúrsa lánaimseartha dian a dhéanamh. Bhí mo ghráid thíos mar bhí orm obair seachas freastal ar ranganna agus ar cheachtanna teagaisc. Agus nuair a bhí mé i láthair, ní raibh mé in ann díriú ar an obair mar bhí mé buartha an bhféadfainn an cíos a íoc don mhí sin, creidmheas a chur ar mo chárta Leap, nó fiú bia a cheannach. Rinne an deontas cóiríochta an-difear do mo shaol. Lig sé m'intinn saor chun díriú isteach ar mo ghráid. Agus chruthaigh sé braistint suaimhnis agus cobhsaíochta dom nár bhraith mé ó d'fhág mé cúram altrama.

Is céim mhór é an ciste seo i dtreo mo sprioc a bhaint amach bheith i mo chuntasóir cairte lá éigin. Gan an ciste, ní bheadh aon bhealach agam mo chuid scolaíochta a chur i gcrích mar ní fhaighim aon tacaíocht ó mo thuismitheoirí agus níl mé incháilithe do shochar sóisialta a éileamh.

Bíonn go leor aistí, staidéir agus ranganna i gceist le hoiliúint chuntasóra cairte. Rudaí nach féidir liom a dhéanamh agus mé ag obair lánaimseartha.

Chuaigh an ciste seo chun leasa mo mheabhairshláinte freisin. Ní bhíonn strus orm a thuilleadh maidir le bheith in ann cíos a íoc. Agus is féidir liom obair pháirtaimseartha a dhéanamh anois ag an

[28] Mionsonraí faoi Sheirbhísí Iarchúraim Tusla atá ar fáil ag: **https://www.tusla.ie/services/alternative-care/after-care/what-are-aftercare-services/**

Guth an Mhic Léinn
Mac Léinn ón Lucht Siúil

"Ba mhaith liom a chur in iúl cé chomh mór is atá an Ciste um Chúnamh Cóiríochta tar éis mo shaol a athrú." Gan é, ní bheadh sé indéanta dul chuig an gcoláiste. Thug sé suaimhneas intinne dom a fhios a bheith agam go raibh mo chíos ráthaithe, bhain sé ceann de na hualaí ba mhó a bhí romham agus lig sé dom díriú ar mo chuid staidéir in ionad a bheith buartha i gcónaí faoi cá mbeadh cónaí orainn nó conas a d'éireoinn liom.

Tá an tacaíocht tar éis cabhrú liom ní hamháin go airgeadais, ach go meabhrach agus go fisiciúil chomh maith. Chiallaigh an chobhsaíocht sin go raibh mé in ann tosú ag cneasú, scíth a ligean i gceart, agus staidéar a dhéanamh gan eagla leanúnach. Thug sé spás anála dom — rud nach raibh agam le fada an lá. Mar mháthair shingil ó phobal an Lucht Siúil, is dúshláin uathúla iad na dúshláin a bhfuil mé os a chomhair agus is minic a bhíonn siad dofheicthe. De ghnáth, baintear deireadh le tacaíocht airgeadais ó thuismitheoirí nuair a bhíonn tú pósta, ach chuaigh mé isteach i bpósadh neamhshábháilte nach bhfuair mé aon tacaíocht ann ach an oiread. Anois táim liom féin, ag tógáil mo linbh gan chabhair ó theaghlach, ag iarraidh todhchaí a thógáil ón tús.

Mar gheall ar an gciste seo, tá beagán airgid breise agam anois le rud a dhéanamh nach raibh mé in ann roimhe seo — bréagán a cheannach do mo leanbh, rud éigin simplí ach bríoch. B'fhéidir nach bhfuil cuma mhór air sin, ach ciallaíonn sé gach rud dúinne. Ba mhaith liom buíochas a ghabháil. Ní bhaineann an tacaíocht seo leis an gcíos amháin. Baineann sé le maireachtáil, dínit, agus an deis saol níos fearr a thógáil — domsa agus do mo pháiste."

Déanfaidh an Roinn iarracht an clár a phríomhshruthú tríd an bpróiseas Meastachán, ag léiriú a tiomantais láidre chun an chóiríocht a bhaint mar bhac ar oideachas tríú leibhéal agus rochtain chothrom a chinntiú do gach foghlaimeoir.

Ciste Cúnaimh do Mhic Léinn

Cuireann an Ciste Cúnaimh do Mhic Léinn tacaíocht airgeadais ar fáil do mhic léinn lánaimseartha nó páirtaimseartha a bhfuil deacrachtaí airgeadais acu agus iad ag freastal ar an gcoláiste. Féadfaidh mic léinn cur isteach ar an gCiste chun cabhrú leo le fadhbanna airgeadais sealadacha nó leanúnacha. Dearadh an Ciste Cúnaimh do Mhic Léinn chun foinse bhreise tacaíochta airgeadais a chur ar fáil, sa bhreis ar dheontas mic léinn.

Sa bhliain acadúil 2023/2024, fuair breis is 22,000 mac léinn tacaíocht ón gCiste, ar fiú níos mó ná €19 milliún í. As an méid sin, cuireadh níos mó ná €16.2 milliún ar fáil chun cabhrú le costais cóiríochta agus iompair. Ciallaíonn sé sin gur díríodh breis agus 83% den mhaoiniú iomlán ar riachtanais tithíochta, fóntais agus soghluaisteachta na mac léinn a mhaoiniú.

San áireamh leis an gCiste do 2023/2024 agus 2024/2025 bhí €440,000 breise chun cabhrú le mic léinn maidir le cóiríocht éigeandála.

Déanann Institiúidí Ardoideachais aonair an Ciste Cúnaimh do Mhic Léinn a riar ar bhonn atá go hiomlán rúnda.

Fíor 6. Ciste Cóiríochta Cúnaimh Mac Léinn agus Caiteachas Iompair 2023-2024

Catagóir	Caiteachas Iomlán
Iompar	€3,439,466
Cíos/Cóiríocht	€6,149,764
Teas / soilsiú / bia agus billí fóntais eile	€6,608,551

Císte do Mhic Léinn faoi Mhíchumas

Is é cuspóir an Chiste do Mhic Léinn faoi Mhíchumas cabhrú le hinstitiúidí ardoideachais a chinntiú go bhfaigheann mic léinn faoi mhíchumas an cúnamh agus an trealamh riachtanach chun rochtain a fháil ar a gcúrsa staidéir roghnaithe, páirt iomlán a ghlacadh ann agus é a chríochnú go rathúil. Is féidir maoiniú a úsáid chun tacaíochtaí agus socruithe a chur ar fáil sna catagóirí leathana seo a leanas: trealamh agus bogearraí teicneolaíochta cúnta (lena n-áirítear oiliúint do mhic léinn), cúntóirí neamhliachta (m.sh. cúntóirí pearsanta, glacadóirí nótaí), tacaíocht acadúil/foghlama, tacaíochtaí do mhic léinn atá bodhar nó a bhfuil allaíre orthu (m.sh. ateangairí teanga comharthaíochta, SpeedText) agus tacaíocht iompair. Mar chuid de phacáiste tacaíochtaí faoin gCiste seo, aithnítear go mbíonn costais taistil bhreise, shuntasacha ar roinnt mac léinn faoi mhíchumas. I 2024, chuir an ciste 8.04m chun tacaíocht a thabhairt do 19,488 mac léinn. Tá luach breis is €9.5m ar an gCiste do 2025 i réimse an Ardoideachais. In 2023/2024, fuair 105 mac léinn faoi mhíchumas maoiniú i dtreo a gcostas iompair.

Clár Gníomhachtaithe Gearrthéarmach

Mar chuid den Chlár Gníomhachtaithe Gearrthéarmach, tá 1,000 leaba mac léinn á soláthar ar fud roinnt institiúidí ardoideachais atá maoinithe go poiblí. Cuirfear 30% de na leapacha nua seo ar a laghad in áirithe do na grúpaí tosaíochta a sainaithnítear faoin bPlean Náisiúnta Rochtana agus cuirfear ar fáil iad ar rátaí cíosa faoi bhun an mhargaidh.

Táthar ag súil go mbeidh tairbhe ag baint leis an mbeart sprioc-dhírithe seo do beagnach trí chéad mac léinn, agus meastachán á fháil ag gach duine Laghdú bliantúil de €3,000 i gcíos.

6.2 Tacaíochtaí Stáit eile

Tacaíochtaí Iarchúraim

Tá réimse tacaíochtaí saindeartha ar fáil chun cabhrú le daoine óga atá ag imeacht as cúram an Stáit rochtain a fháil ar oideachas tríú leibhéal agus rath a bhaint amach san ardoideachas. *Forbraíodh an Beartas Náisiúnta Iarchúraim do Chúram Malartach i gcomhthéacs an Achta um Chúraim*[29] Leanaí (Leasú) 2015[30]; leagann Alt 2 dualgas reachtúil ar Tusla measúnú riachtanais a chur ar fáil do dhaoine óga agus d'aosaigh óga a chomhlíonann na critéir incháilitheachta don tseirbhís iarchúraim. Leagtar amach sa mheasúnú riachtanais seo a riachtanais aonair, lena n-áirítear conairí isteach san oideachas agus san oiliúint a dhéanann eolas don Phlean Iarchúraim ina dhiaidh sin.

Is fiú €300 sa tseachtain an liúntas iarchúraim agus braitheann sé ar an aosach óg incháilithe freastal ar chúrsa oideachais creidiúnaithe, cúrsa tríú leibhéal nó clár oiliúna mar atá leagtha amach i bPlean Iarchúraim an aosaigh óig. Cuirtear an liúntas ar fáil chun costais laethúla an aosaigh óig a chumhdach, cóiríocht san áireamh agus iad ag dul chun cinn ina gcúrsa creidiúnaithe roghnaithe nó ina gclár oiliúna. Ba é €25.6 milliún an tacaíocht airgeadais iomlán don liúntas iarchúraim in 2024.[31]

Liúntas um Fhilleadh ar Oideachas

Soláthraíonn an Liúntas um Fhilleadh ar Oideachas tacaíocht ioncaim do lucht cuardaigh poist agus do dhaoine eile atá ag fáil íocaíochtaí áirithe cosanta sóisialta agus a dhéanann cúrsaí oideachais ar leibhéal breise nó ardoideachais. Is é fócas na scéime cabhrú le daoine a gcuid cáilíochtaí a fheabhsú agus mar thoradh air sin a rochtain ar fhostaíocht inbhuanaithe a fheabhsú. Tacaíonn Comhairleoirí Pearsanta Fostaíochta agus Cóitseálaithe Oibre le lucht cuardaigh poist páirt a ghlacadh sa Liúntas um Fhilleadh ar Oideachas mar chuid d'fhorbairt a bplean dul chun cinn pearsanta.

Faoi dheireadh mhí na Nollag 2024, bhí 1,747 tairbhí Liúntas um Fhilleadh ar Oideachas san Ardoideachas agus 1,864 tairbhí sa Bhreisoideachas agus Oiliúint. In 2024, ba é €32.16 milliún an caiteachas iomlándon Liúntas um Fhilleadh ar Oideachas, lena n-áirítear tairbhithe sa Bhreisoideachas agus san Ardoideachas.

[29] Beartas Náisiúnta Iarchúraim do Chúram Malartach, Tulsa 2017, ar fáil ag; **https://www.tusla.ie/uploads/content/4248-TUSLA_National_Policy_for_Aftercare_v2.pdf**
[30] Acht na nOllscoileanna Teicneolaíochta 2018, ar fáil ag; **https://www.irishstatutebook.ie/eli/2018/act/3/enacted/en/html**
[31] Tuarascáil Bhliantúil Tusla 2024, ar fáil ag **www.tusla.ie/annual-report-2024**

Creidmheas cánach don chíos a íocadh

Cuireadh an Creidmheas Cánach don Chíos i bhfeidhm leis an Acht Airgeadais 2022 agus bhí sé ar fáil don bhliain chánach 2022; leathnaíodh an incháilitheacht leis an Acht Airgeadais (Uimh. 2) 2023 chun cóiríocht Seomra ar Cíos a n-íocann tuismitheoirí aisti do leanaí atá ag freastal ar chúrsaí ceadaithe a áireamh.

Fíor 7.

Bliain Chánach	An Duine Singil	Lánúin Mheasúnaithe le Chéile
2022–2023	500	1,000
2024–2025	1,000	2,000

I mBuiséad 2026, cuireadh síneadh trí bliana eile le Creidmheas Cánach Cíosa go dtí deireadh 2028. Thuairiscigh ag na Coimisinéirí Ioncaim ina dTuarascáil ar Chostas Caiteachais Cánach gurr bhain 315,030 aonad cáiníocóra leas as an gcreidmheas in 2023 ar chostas €183.5 milliún.[32] Cé nach féidir tairbhithe an chreidmheasa seo a aithint do mhic léinn nó do thuismitheoir mac léinn, is dócha go bhféadfadh formhór mór na 119,166 mac léinn atá i gcóiríocht Seomra ar Cíos, PBSA nó cóiríocht phríobháideach ar cíos faoi láthair leas a bhaint as an gcreidmheas go díreach nó trína dtuismitheoirí.

Fíor 8. DFHERIS Tábla Achoimre Bliantúil Tacaíochta do Mhic Léinn

Tacaíocht	Bliain	Caiteachas Iomlán € milliún	Líon na dTairbhithe	Trácht
Deontas na Mac Léinn Ráta Neamhchóngarach	2025/2026	€146.5[33]	29,828	€10.5m breise a fuarthas i mBuiséad 2026, agus feicfidh mic léinn sa bhliain acadúil seo méadú pro rata ó Eanáir 2026.
Ciste Cúnaimh do Mhic Léinn	2023/2024	€19.3	22,292	Caitheadh breis agus 80% den mhaoiniú iomlán ar riachtanais tithíochta agus iompair na mac léinn.
Conair 2. Sparánacht 1916	2024/2025	€8.76	2,698	Sa bhliain acadúil 2024/2025, tá thart ar 2,698 faighteoir sparánachta ann. Díobh seo, ba fhaighteoirí nua iad 1,392, arna gcatagóiriú thar thrí Shraith. Is é an costas a bhaineann leis na faighteoirí nua seo ná thart ar €3.58 milliún.
Cúnamh Cóiríochta do Mhic Léinn	2024/2025	€0.41	85	Lorgófar maoiniú buan tríd an bpróiseas Meastachán.

[32] Costas Caiteachais Chánach, Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim, Lúnasa 2025, ar fáil ag; **https://www.revenue.ie/en/corporate/documents/statistics/tax-expenditures/costs-tax-expenditures.pdf**

[33] Maidir le deontais Chothaithe Neamhchóngaracha 2025/26, is é €146.5m an figiúr measta don tréimhse suas go Meitheamh 2026 mar níl an leithdháileadh do 2026 críochnaithe fós.

Fíor 9. Tábla Achoimre Bhliantúil Tacaíochta Rialtais do Mhic Léinn eile

Tacaíocht	Bliain	Caiteachas Iomlán € milliún	Líon na dTairbhithe	Trácht
Creidmheas cánach don chíos a íocadh	2023	€183.5	315,030	Thiocfadh leis an chuid is mó den 119,166 mac léinn i gcóiríocht saintógtha do mhic léinn nó i gcóiríocht ar cíos phríobháideach leas a bhaint as an gcreidmheas.
Liúntas um Fhilleadh ar Oideachas	2024	€32.2	3,697[34]	Cuimsíonn sé 1,747 san Ardoideachas.
Tacaíocht Iarchúraim Tusla	2024	€25.6	2,196[35]	Baineann 78% de thairbhithe iarchúraim le rannpháirtithe san oideachas agus san oiliúint.

Príomhghníomhartha: Inacmhainneacht

Gníomhaíocht	Tasc	Úinéir
12 **Creat Dearbhaithe Cáilíochta don Scéim-Seomra-ar Cíos**	Chun mic léinn a chosaint ar chalaois agus ar chóiríocht faoi chaighdeán, cuirfidh an Straitéis ar chumas hinstitiúidí ardoideachais tacú le liostaí Seomra ar Cíos trí chreat struchtúrtha deonach, ag úsáid ardán inmheánach nó ardán bogearraí chun na liostaí a bhainistiú.	• RBATNE • IAOnna
13 **Deontas Mac Léinn a Mhéadú**	Díreoidh an Straitéis le tuilleadh tacaíochta ar fhaighteoirí an deontais chothaithe neamhchóngarach mar cabhraíonn sé le mic léinn a chónaíonn an méid is faide óna n-institiúid ardoideachais agus atá ó theaghlaigh ar ioncam íseal.	• RBATNE
14 **Scéim Chúnaimh um Chóiríocht do Mhic Léinn a Bhunú**	Lorgófar maoiniú buan tríd an bpróiseas Meastachán.	• RBATNE • DPER
15 **Ciste Cúnaimh na Mac Léinn a Chothabháil**	Leanfar de chothabháil an Chiste Cúnaimh do Mhic Léinn a thacaíonn le mic léinn bhfuil fadhbanna airgid acu.	• RBATNE

[34] Áirítear 86 mac léinn atá rannpháirteach i gcláir Springboard agus Scileanna TFC sa chlárú iomlán de 3,697. Is ionann an chuid is mó den chlárú lánaimseartha agus 1,864 foghlaimeoir sa Bhreisoideachas agus Oiliúint (FET) agus 1,747 san Ardoideachas.

[35] Tuarascáil Feidhmíochta agus Gníomhaíochta C4 2024: bhí 78% (1,721/2,196) díobh siúd idir 18–22 bliana d'aois (san áireamh) a bhí ag fáil seirbhíse iarchúraim ag deireadh R4 2024 i mbun oideachais/oiliúna creidiúnaithe.

7. Plean Gníomhaíochta um Chur Chun Feidhme

Forbrófar plean cur chun feidhme chun na gealltanais sa Straitéis a sholáthar.

Chun tacú le cur i bhfeidhm na straitéise cóiríochta do mhic léinn, bunóidh an Roinn Grúpa Forfheidhmithe Idir rannach. Feidhmeoidh an grúpa seo mar chomhlacht comhordaithe lárnach, ag cinntiú go mbeidh gach páirtí leasmhar ábhartha, lena n-áirítear Ranna, instidiúdí ardoideachais, soláthraithe tithíochta, agus ionadaí mac léinn, atá rochtain thráthúil acu ar fhaisnéis mhionsonraithe ar thionscnaimh lóistín na mac léinn agus dul chun cinn.

Déanfaidh an Roinn athbhreithniú foirmiúil ar an bplean forfheidhmithe gach trí bliana i gcomhar le páirtithe leasmhara. Déanfaidh an t-athbhreithniú seo measúnú ar dhul chun cinn, sainaithneoidh sé dúshláin, scrúdóidh sé soláthar/éileamh, agus déanfaidh sé eolas d'athruithe riachtanacha chun seachadadh éifeachtach ar chuspóirí an phlean a chinntiú.

7.1 Clár Cóiríochta do Mhic Léinn in Institiúidí Ardoideachais

Beidh sé de chúram ar gach IAO Straitéis Cóiríochta Mac Léinn a fhorbairt i gcomhréir leis an Straitéis Náisiúnta le haghaidh ceadú ón Údarás Rialaithe.

Ba chóir do straitéisí IAO a gcuid cuspóirí agus cur chuige a leagan amach chun tacú le forbairt agus oibriú PBSA ar an gcampas nó gar dó, lena rannpháirtíocht le forbróirí príobháideacha agus oibreoirí cóiríochta mac léinn, lena gcur chun cinn soláthair agus glacadh le cóiríocht Seomra ar Cíos, agus chun comaitéireacht a éascú do mhic léinn a roghnaíonn fanacht ina mbaile teaghlaigh. Aithníonn an Straitéis go bhfuil na hInstitiúidí Ardoideachaisag céimeanna éagsúla forbartha i gcur i bhfeidhm na gcleachtas seo, tá dul chun cinn suntasach déanta ag roinnt ollscoileanna cheana féin, agus tá cuid eile díreach ag tosú. Ba chóir do na hIAOnna straitéisí cóiríochta a fhorbairt chun aghaidh a thabhairt ar:

Bainistíocht PBSA

- Prionsabail leithdháilte cóiríochta saintógtha do mhic léinn lena n-áirítear inacmhainneacht agus tosaíocht do chohóirt ar leith (m.sh. mic léinn sa chéad bhliain, grúpaí spriocdhírithe faoin bPlean Gníomhaíochta Náisiúnta um Chuimsiú Sóisialta mic, léinn idirnáisiúnta, ualú faid).

Caighdeáin Cháilíochta

- Caighdeáin cháilíochta a chlúdaíonn sábháilteacht, cothú agus coinníollacha maireachtála.
- Rialachas agus nósanna imeachta oibríochtúla, ag leagan amach róil, freagrachtaí agus meicníochtaí athbhreithnithe.

Soláthar agus Úsáid

- Monatóireacht a dhéanamh ar fhorbairtí PBSA nua mar chuid de bhailiú sonraí.
- Tacú le forbairt cóiríochta saintógtha do mhic léinn ar an gcampas agus in aice leis.
- Monatóireacht a dhéanamh ar an éileamh ar chóiríocht.
- Bolscaireacht agus tacaíocht do chóiríocht Seomra ar Cíos do thionóntaí nua.
- Tuairisciú ar ghlacadh le cóiríocht Seomra-ar Cíos trí ardáin chaighdeánaithe.
- Tuairisciú ar úsáid cóiríochta saintógtha do mhic léinn atá faoi úinéireacht institiúide ardoideachais le linn an téarma agus taobh amuigh de.

Tacaíocht Thréadchúraim

- Tacaíocht thréadchúraim do mhic léinn i gCóiríocht Mac Léinn cibé acu faoi úinéireacht, ar léas nó faoi shocrú ainmnithe atá sé.
- Rannpháirtíocht mac léinn, ag cinntiú go gcuirtear guthanna mac léinn san áireamh sna próisis pleanála agus aiseolais.
- Rannpháirtíocht le hoibreoirí príobháideacha PBSA maidir le tréadchúram.

Comaitéireacht

- Forbairt agus cur i bhfeidhm straitéisí iompair inbhuanaithe..

De réir mar a bhunaíonn IAO a fheidhm cóiríochta, tá gá ríthábhachtach le cumas inmheánach a thógáil chun tacú le dea-rialachas, ionracas airgeadais, fás inbhuanaithe, seachadadh seirbhíse ar ardchaighdeán, agus athléimneacht oibríochtúil.

Ba chóir d'institiúidí ardoideachais na hinniúlachtaí lárnacha riachtanacha a aithint agus Oifigigh Cóiríochta a cheapadh, nó cláir oiliúna agus conairí ionduchtaithe a fhorbairt do bhaill foirne reatha, le tacaíocht ón maoiniú um fhorbairt acmhainne atá leagtha amach thíos.

7.2 Clár Cóiríochta do Mhic Léinn in Institiúidí Ardoideachais

Aithníonn an Roinn go mbeidh feidhm thiomnaithe de dhíth i ngach IAO maoinithe go poiblí chun na freagraí beartais éagsúla ar chóiríocht mac léinn a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm ar fud na hearnála.

Chun tacú le cur i bhfeidhm beartas cóiríochta mac léinn agus beartas iompair inbhuanaithe comhtháite, tá maoiniú de €1 milliún ar fáil le haghaidh acmhainn a fhorbairt laistigh de IAOnna maoinithe go poiblí chun feidhm thiomnaithe a bhunú a bheidh freagrach as straitéis cóiríochta mac léinn shonrach IAO agus forbairt beartas comaitéireachta inbhuanaithe. Cinnteoidh gach IAO go mbeidh dóthain acmhainní ar fáil chun a straitéis cóiríochta mac léinn a chur i bhfeidhm.

Tacaíonn RBATNE agus an ÚAO le IAOnna chun cur síos agus forbairt a dhéanamh ar an gcumas riachtanach chun feidhmeanna cóiríochta mac léinn a chur i gcrích laistigh de gach IAO.

7.3 Spriocanna agus Measúnú

Beidh ar gach institiúid ardoideachais tuairisciú don údarás ardoideachais ar dhul chun cinn i gcoinne na straitéise ar bhonn bliantúil. Oibreoidh RBATNE agus an ÚAO le IAOnna chun tacar táscairí a fhorbairt le tacú leis an tuairisciú bliantúil.

Is é cuspóir cholún a haon den Straitéis seo soláthar leapacha PBSA do mhic léinn a mhéadú, cur le hinfhaighteacht agus glacadh le cóiríochtSeomra-ar-Cíos, agus tacú le comaitéireacht inbhuanaithe chuig an gcampas do mhic léinn, baill foirne agus cuairteoirí.

Déanfar gnóthú na gcuspóirí seo a mheas trí;

- Ráta Seachadta cóiríochta saintógtha do mhic léinn: Líon na leapacha nua a chuirtear ar fáil gach bliain.
- Ráta Rannpháirtíochta Seomra-ar-Cíos:Líon na soláthraithe Seomra-ar-Cíos cláraithe agus na socruithe cóiríochta do mhic léinn.
- Tionchar ar amanna agus minicíocht comaitéireachta.

Díríonn cuspóirí Cholún a Dó den Straitéis seo ar chur i bhfeidhm idirghabhálacha spriocdhírithe agus éifeachtacha chun roghanna cóiríochta a dhéanamh níos inacmhainne. Déanfar gnóthú spriocanna a mheas de réir scála an infheistithe agus líon na dtairbhithe ar fud gach scéime.

Príomhghníomhartha

Gníomhaíocht		Tasc	Úinéir
16	**Straitéis agus Beartas an IAO um Chóiríocht do Mhic Léinn**	Beidh ar IAOnna a Straitéis Cóiríochta Mac Léinn féin agus an Beartas gaolmhar a fhorbairt.	• IAOnna a Fhaigheann Maoiniú Poiblí
17	**Bunaigh an Grúpa Stiúrtha Idir-Rannach**	Grúpa Forfheidhmithe Idir-rannach a bhunú um chóiríocht do mhic léinn mar mheicníocht chomhordaithe chun dul chun cinn a dhéanamh maidir le gníomhartha an phlean a sheachadadh.	• RBATNE
18	**An Acmhainneacht a Thógáil**	Tacaíonn RBATNE agus an ÚAO le IAOnna chun cur síos agus forbairt a dhéanamh ar an gcumas riachtanach chun feidhmeanna cóiríochta mac léinn a chur i gcrích laistigh de gach IAO.	• RBATNE • ÚAO • IAOnna

Aguisín A: Próiseas Comhairliúcháin

Braitheann forbairt Straitéise um Chóiríocht do Mhic Léinn atá láidir agus freagrúil ar rannpháirtíocht shuntasach agus leanúnach le réimse leathan páirtithe leasmhara.

Le linn cheapadh na Straitéise, thug an Roinn tosaíocht do chomhairliúchán agus do chomhoibriú, ag aithint go mbraitheann rath aon tionscnaimh atá dírithe ar mhic léinn ar thuiscint ar thaithí saoil, ar imní agus ar shaineolas na ndaoine atá buailte go díreach nó go hindíreach.

Thug aiseolas ó pháirtithe leasmhara eolas freisin ar na príomhsruthanna oibre, amhail an Clár Cóiríochta Mac Léinn don Earnáil Teicneolaíochta agus an Staidéar ar Dhearadh Caighdeánaithe, ag cinntiú go bhfuil na tionscnaimh seo bunaithe ar réaltachtaí praiticiúla agus ar dhea-chleachtais.

Grúpa Oibre Idir-rannach um Chóiríocht do Mhic Léinn

Bunaíodh an Grúpa Idir-Rannach chun riachtanais chóiríochta mac léinn a scrúdú ar leibhéal réigiúnach agus náisiúnta do mhic léinn a fhreastalaíonn ar IAOnna atá maoinithe go poiblí.

I measc bhaill an ghrúpa, tá:

- RBATNE,
- An tÚdarás um Ard-Oideachas,
- An Roinn Airgeadais,
- An Roinn Caiteachais Phoiblí, Bonneagair, Athchóirithe na Seirbhíse Poiblí agus Digitithe,
- An Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta,
- An Roinn Iompair.

Grúpa Sainchomhairleach ar Chóiríocht do Mhic Léinn

Bunaíodh an grúpa sainchomhairleach chun obair RBATNE a éascú trí eolas agus taithí reatha an tionscail a chur ar fáil i bhforbairt straitéise nua na Roinne ar chóiríocht do mhic léinn.

Cuimsíonn an grúpa de shaineolaithe tionscail agus gníomhaireachta ar ábhair maidir le cóiríocht mac léinn.

I measc bhaill an ghrúpa, tá:

- RBATNE,
- EY,
- An Ghníomhaireacht Tithíochta,
- Ainmní Maoine Institiúidí Éireannacha,
- COBÁC,
- Ciste Infheistíochta Straitéisí d'Éirinn,
- Údarás Ard-Oideachais

Rannpháirtíocht le Páirtithe Leasmhara agus Buíochas

Le linn fhorbairt na Straitéise, chas oifigigh na Roinne le réimse leathan páirtithe leasmhara.

Ba mhaith leis an Roinn aitheantas a thabhairt do na heagraíochtaí seo a leanas go léir a thug cabhair, faisnéis, ábhar nó ionchur luachmhara d'fhorbairt na Straitéise seo.

- Acadamh Ríoga na hÉireann
- AHEAD
- An Bord um Thionóntachtaí Cónaithe
- An Coláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath
- An Ghníomhaireacht Airgeadais do Thithe
- An tÚdarás Náisiúnta Iompair
- An tÚdarás Náisiúnta Míchumais
- An tÚdarás um Gheilleagar Nua agus um Théarnamh
- Aontas Mac Léinn Choláiste Ollscoile Bhaile Átha Cliath
- Aontas Mac Léinn Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath
- Aontas na Mac Léinn in Éirinn (AMLÉ - ar a tugadh USI roimhe seo)
- Aontas na Mac Léinn Ollscoil Luimnigh
- An Ghníomhaireacht Airgeadais do Thithe
- An Ghníomhaireacht Tithíochta
- An Ghníomhaireacht um Fhorbairt Talún
- An Roinn Airgeadais
- An Roinn Caiteachais Phoiblí, Bonneagair, Athchóirithe na Seirbhíse Poiblí agus Digitithe
- An Roinn Coimirce Sóisialaí
- An Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta
- An Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail agus an Ghaeltacht
- An Roinn Iompair
- An Roinn Leanaí, Míchumais, agus Comhionannais
- An Roinn Sláinte
- An Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta
- Ciste Infheistíochta Straitéisí d'Éirinn
- Coláiste Mhuire gan Smál
- Coláiste na hOllscoile, Corcaigh
- Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath
- Coláiste Náisiúnta Ealaíne agus Dearaidh
- Coláiste San Aingeal
- Comhairle Náisiúnta na dTuismitheoirí
- Cónaidhm Thionscal na Foirgníochta
- Cuallacht na Mac Léinn (trí shuirbhé mac léinn agus dearadh caighdeánaithe)
- Cumann Lucht Bainistíochta Contae agus Cathrach
- Cumann na nOllscoileanna Teicneolaíochta
- Cumann Ollscoileanna na hÉireann
- Elkstone
- EPIC (Cumhachtú Daoine faoi Chúram)
- EY
- Global Student Accommodation
- Institiúid Ealaíne, Deartha agus Teicneolaíochta Dhún Laoghaire
- Institiúid Ríoga Ailtirí na hÉireann
- Institiúid Teicneolaíochta Dhún Dealgan
- Irish Institutional Property
- Nasc Áitiúil
- Ollscoil Mhá Nuad
- Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim
- Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath
- Ollscoil na Gaillimhe
- Ollscoil Luimnigh
- Ollscoil Teicneolaíochta an Atlantaigh
- Ollscoil Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath
- Ollscoil Teicneolaíochta na Mumhan
- Ollscoil Teicneolaíochta an Oirdheiscirt
- Ollscoil Teicneolaíochta na Sionainne, Lár Tíre, An tIarthar Láir
- Pavee Point
- QMPF
- Sráid Harrison
- Tairseach
- The Smart Off-site Association (Cumann Cliste Lasmuigh den Láthair)
- Tionscal Maoine Éireann
- Tusla
- Údaráis Áitiúla
- Údarás Ard-Oideachais

Aguisín B: Tábla Gníomhartha

Gníomhaíocht	Tasc	Úinéir
1 **Soláthar agus Éileamh Cóiríocht do Mhic Léinn a Thuiscint**	Déanfaidh an ÚAO suirbhéanna tréimhsiúla chun sonraí a bhailiú go córasach maidir le tithíocht mac léinn, agus roghanna taistil agus costais ghaolmhara. Déanfaidh na sonraí seo eolas d'fhorbairt beartais, leithdháileadh acmhainní agus seirbhísí tacaíochta do mhic léinn.	• RBATNE • ÚAO
2 **Taighde a dhéanamh ar dinimic cíosa timpeall ar champais institiúidí ardoideachais**	Taighde a dhéanamh ar thionchar PBSA nua-fhorbartha ar phraghsanna cíosa i bpobail chomharsanacha atá suite in aice le hinstitiúidí ardoideachais.	• RBATNE • DHLGH/RTB • ÚAO
3 **Faisnéis Margaidh a Choinneáil**	Píblíne náisiúnta PBSA a rianú.	• RBATNE • ÚAO
4 **Beartas Comaitéireachta Inbhuanaithe an Champais**	Forbróidh agus tacóidh an IAO le Beartas Comaitéireachta Inbhuanaithe ar an gcampas.	• RBATNE • ÚAO • Institiúidí Ardoideachais
5 **Comaitéireacht Inbhuanaithe**	Forbrófar tionscadal píolótach chun creat a bhunú le haghaidh comhoibriú méadaithe idir na hInstitiúidí Ardoideachais, an tÚdarás Náisiúnta Iompair (NTA), Údaráis Áitiúla, agus oibreoirí iompair chun roghanna taistil inbhuanaithe do mhic léinn a fheabhsú.	• RBATNE • R/Iompair • ÚAO
6 **Samhail Dearaidh Caighdeánaithe**	Cineálacha breise a fhorbairt le cur leis na Treoirlínte Caighdeánaithe do PBSA Urraithe ag an Stát agus modúil amhail na nithe seo a leanas le breithniú; • Stúideonna • spás pobail	• RBATNE • ÚAO
7 **Tacaigh le hOllscoileanna chun freastal ar riachtanais chóiríochta mac léinn**	Dear Creatlach teoranta faoi S.1 den Achta Ollscoil Teicneolaíochta 2018 d'ainmniú comhaontaithe chun tacaíocht a thabhairt do chóiríocht mac léinn.	• RBATNE • R/Airgeadais • DPER
8 **Suíomhanna Seirbhísithe**	Faoi réir imréiteach Státchabhrach, acu le hInstitiúidí Ardoideachais atá maoinithe go poiblí chun suíomhanna straitéiseacha a ullmhú le haghaidh forbairt cóiríochta saintógtha agus measúnú a dhéanamh ar indéantacht mhaoiniú a thabhairt do fhorbairt suíomhanna príobháideacha in aice leis an gcampas chun inmharthanacht tionscadal a fheabhsú agus seachadadh a bhrostú.	• RBATNE • ÚAO
9 **Feachtas Cumarsáide Faoisimh Seomra-ar-Cíos**	Feachtas cumarsáide a fhorbairt chun tacú le glacadh leis an Scéim Faoisimh um Sheomra-ar-Cíos.	• RBATNE • IAOnna

Gníomhaíocht	Tasc	Úinéir
10 **Taighde ar rannpháirtíocht sa Scéim Faoisimh Seomra-ar-Cíos**	Chun léargas níos soiléire a fháil ar an earnáil chóiríochta seo, déanfaidh an Roinn taighde ar rannpháirtíocht sa Scéim Faoisimh Seomra-ar-Cíos.	• RBATNE
11 **Cleachtadh rannpháirtíochta margaidh a dhéanamh**	Iarrfaidh RBATNE comhairle ón nGníomhaireacht Airgeadais d'Fhorbairt Náisiúnta maidir le rannpháirtíocht struchtúrtha sa mhargadh ar chlár cóiríochta mac léinn na n-nInstitiúidí ardoideachas. Cuirfidh ÚAO an de réir mar is gá chun cabhrú leis an rannpháirtíocht seo a chumasú.	• RBATNE • ÚAO
12 **Creat Dearbhaithe Cáilíochta don Scéim Seomra-ar-Cíos**	Chun mic léinn a chosaint ar chalaois agus ar chóiríocht faoi chaighdeán, cuirfidh an Straitéis ar chumas hinstitiúidí ardoideachais tacú le liostaí Seomra ar Cíos trí chreat struchtúrtha deonach, ag úsáid ardán inmheánach nó ardán bogearraí chun na liostaí a bhainistiú.	• RBATNE • IAOnna
13 **Deontas Mac Léinn a Mhéadú**	Díreoidh an Straitéis le tuilleadh tacaíochta ar fhaighteoirí an deontais chothaithe neamhchóngarach mar cabhraíonn sé le mic léinn a chónaíonn an méid is faide óna n-institiúid ardoideachais agus atá ó theaghlaigh ar ioncam íseal.	• RBATNE
14 **Scéim Chúnaimh um Chóiríocht do Mhic Léinn a Bhunú**	Lorgófar maoiniú buan tríd an bpróiseas Meastachán.	• RBATNE • DPER
15 **Ciste Cúnaimh na Mac Léinn a Chothabháil**	Leanfar de chothabháil an Chiste Cúnaimh do Mhic Léinn a thacaíonn le mic léinn bhfuil fadhbanna airgid acu.	• RBATNE
16 **Straitéis agus Beartas an HEI um Chóiríocht do Mhic Léinn**	Beidh ar IAOnna a Straitéis Cóiríochta Mac Léinn féin agus an Beartas gaolmhar a fhorbairt.	• IAOnna a Fhaigheann Maoiniú Poiblí
17 **Bunaigh an Grúpa Stiúrtha Idir Rannach**	Grúpa Forfheidhmithe Idir-rannach a bhunú um chóiríocht do mhic léinn mar mheicníocht chomhordaithe chun dul chun cinn a dhéanamh maidir le gníomhartha an phlean a sheachadadh.	• RBATNE
18 **An Acmhainneacht a Thógáil**	Tacaíonn RBATNE agus an ÚAO le IAOnna chun cur síos agus forbairt a dhéanamh ar an gcumas riachtanach chun feidhmeanna cóiríochta mac léinn a chur i gcrích laistigh de gach IAO.	• RBATNE • ÚAO • IAO

Aguisín C: Liosta Giorrúchán

AHEAD
Is eagraíocht neamhspleách neamhbhrabúis í AHEAD atá ag obair chun timpeallachtaí cuimsitheacha a chruthú san oideachas agus san fhostaíocht do dhaoine faoi mhíchumas. Is iad fócas a chuid oibre breisoideachas agus oiliúint, ardoideachas, agus fostaíocht iarchéime.

An Roinn Coimirce Sóisialaí
Is é misean na Roinne rannpháirtíocht ghníomhach agus cuimsiú sa tsochaí a chur chun cinn trí thacaíochtaí ioncaim, seirbhísí fostaíochta agus seirbhísí eile a sholáthar.

An tÚdarás Náisiúnta Míchumais NDA
Comhlacht reachtúil neamhspleách a sholáthraíonn faisnéis agus comhairle don Rialtas maidir le beartas agus cleachtas a bhaineann le saol daoine faoi mhíchumas.

AO
HE Ardoideachas in ollscoileanna, ollscoileanna teicneolaíochta, institiúidí teicneolaíochta, agus institiúidí oideachais eile, le cáilíochtaí Leibhéil 6–10 ar an NFQ.

BOOnna
Tá Boird Oideachais agus Oiliúna na mBord Oideachais agus Oiliúna freagrach as oideachas bunscoile, iar-bhunscoile agus breisoideachais a sholáthar ina réigiúin, agus cláir bhreisoideachais agus oiliúna chuí a fhorbairt i gcomhar le SOLAS.

BTC
Is comhlacht poiblí neamhspleách é Bord Tionóntachtaí Cónaithe a rialaíonn earnáil chíosa na hÉireann.

CGG
Is é CGG (Clár Gníomhachtaithe Gearrthéarmach) beartas an Rialtais chun cúnamh Stáit a sholáthar chun forbairt cóiríochta nua do mhic léinn a spreagadh d'Institiúidí Ardoideachais poiblí.

COÉ
Cumann Ollscoileanna na hÉireann. Comhlacht ionadaíoch d'ollscoileanna agus do choláistí gaolmhara na hÉireann.

Cóiríocht'Seomra-ar-Cíos'
Tagraíonn sé seo do shochrú tithíochta ina mbíonn seomra leapa ar cíos ag mac léinn i dteach príobháideach. De ghnath roineann an mac léinn limistéir chomhchoiteanna ar nós an chistin, seomra suite, agus seomra folctha leis an teaghlach. Is minic a bhíonn roghanna béilí (lánbhord nó leathbhord) san áireamh sa chineál seo cóiríochta.

DPER
An Roinn Caiteachais Phoiblí, Bonneagair, Athchóirithe na Seirbhíse Poiblí agus Digitithe. Is é cuspóir na Roinne freastal ar leas an phobail trí rialachas fónta ar chaiteachas poiblí agus trí athchóiriú a threorú agus a chumasú ar fud na Seirbhíse Sibhialta agus Poiblí.

FSD
Ciste do Mhic Léinn faoi Mhíchumas Tugann an FSD maoiniú d'institiúidí Ardoideachais chun cabhrú leo tacaíochtaí agus seirbhísí a thairiscint do mhic léinn leis atá faoi mhíchumas chun cabhrú leo go mbeidh siad in ann rochtain a fháil, páirt iomlán a ghlacadh agus a gcúrsa staidéir roghnaithe a chríochnú go rathúil. Tacaíonn an FSD freisin le mic léinn ar chúrsaí PLC, oideachais bhreise agus oiliúna.

GAFN – An Ghníomhaireacht Airgeadais d'Fhorbairt Náisiúnta
Cuireann an GAFN seirbhísí comhairleoireachta airgeadais, soláthair agus seachadta tionscadal ar fáil d'údaráis Stáit maidir le tionscadail bonneagair phoiblí.

IAO
Institiúid Ardoideachais: Ollscoil nó ollscoil theicneolaíoch (TU), institiúid teicneolaíochta (IoT), coláiste oideachais nó institiúid eile a thairgeann cáilíochtaí ardoideachais.

NewERA
Cuireann Údarás Geilleagair Nua agus Téarnaimh NewERA (NewERA) comhairle airgeadais agus tráchtála ar fáil d'Airí agus do Ranna Rialtais maidir lena scaireanna i gcuideachtaí Stáit ar fud raon earnálacha.

PATH
Is clár maoinithe straitéiseach é PATH (Clár um Rochtain ar Ardoideachas) a thacaíonn le cothromas rochtana ar an ardoideachas. Maoiníonn sé tionscnaimh nuálacha trí shnáitheanna spriocdhírithe chun rannpháirtíocht agus coinneáil i measc grúpaí tosaíochta a fheabhsú, i gcomhréir le Pleananna Rochtana Náisiúnta.

PBSA
Cóiríocht saintógtha do mhic léinn. Murab ionann agus maoine athchóirithe, cuireann PBSA áiseanna pobail tiomnaithe ar fáil agus is gnách go mbíonn sé suite gar d'ollscoileanna nó ar an gcampas ar mhaithe le háisiúlacht

POS
Is gníomhaireacht í an Príomh-Oifig Staidrimh a bhailíonn agus a dhéanann anailís ar shonraí daonra agus sonraí eile, tríd an Daonáireamh náisiúnta agus suirbhéanna eile.

Plean Gníomhaíochta Náisiúnta NAP
Plean Gníomhaíochta Straitéiseach um Chomhionannas Rochtana,Rannpháirtíochtaagus Rathúlachta san Ardoideachas, 2022-2028

RBATNE
An Roinn Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta. Tá an Roinn freagrach as beartas, maoiniú agus rialachas earnálacha an ardoideachais agus an bhreisoideachais agus an taighde agus as maoirseacht a dhéanamh ar obair na ngníomhaireachtaí stáit agus na n-institiúidí poiblí atá ag feidhmiú sna réimsí sin.

RFTP
An Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail. Is é misean na Roinne forbairt tuaithe agus pobail a chur chun cinn agus pobail bheoga, chuimsitheacha agus inbhuanaithe a chothú ar fud na hÉireann.

RLMC
An Roinn Leanaí, Míchumais, agus Comhionannais. Is é misean na Roinne feabhas a chur ar shaol leanaí, daoine óga, daoine fásta, teaghlach agus pobal, ag aithint éagsúlachta agus ag cur comhionannas deiseanna chun cinn.

RTRÁO
An Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta

Scéim um Dheontais do Mhic Léinn
Scéim Deontas Mac Léinn Is í an scéim deontas reachtúil tástála acmhainní seo, dá bhforáiltear faoin Acht um Thacaíocht do Mhic Léinn 2011, an phríomhscéim chun tacú le mic léinn atá ag freastal ar chúrsaí oideachais bhreise agus ardoideachais ceadaithe.

SAF
Ciste Cúnaimh do Mhic Léinn. Ciste a sholáthraíonn cúnamh airgeadais do mhic léinn ardoideachais a bhíonn i ndeacrachtaí airgeadais agus iad ag freastal ar an gcoláiste.

SUSI
Tacaíocht Uilíoch do Mhic Léinn Éireann. Aonad gnó de chuid BOO chathair Bhaile Átha Cliath, is é sin an dámhachtain ceaptha údarás don Scéim Deontas Mac Léinn reachtúil-bunaithe.

TSSAP
Is tionscnamh rialtais é anClár Cóiríochta do Mhic Léinn san Earnáil Theicneolaíochta chun aghaidh a thabhairt ar an nganntanas tithíochta mac léinn trí chreat a chruthú chun cóiríocht a thógáil, a léasú nó a athchóiriú do mhic léinn in Ollscoileanna Teicneolaíochta agus in institiúidí ardoideachais eile.

TUA
Cumann Ollscoileanna Teicneolaíochta. Eagraíocht ionadaíoch don earnáil ardoideachais teicneolaíochta.

Tusla
TUSLA Is í an Ghníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach an ghníomhaireacht Stáit atá tiomnaithe anois do fheabhsú na folláine agus na dtorthaí do leanaí.

ÚAO
Údarás Ard-Oideachais. Tá an ÚAO i gceannas ar fhorbairt straitéiseach chóras ardoideachais agus taighde na hÉireann. An cuspóir atá acu ná córas comhtháiteach a chruthú d'institiúidí éagsúla le bunchuspóirí soiléir atá freagrach do shóisialta, cultúrtha, agus eacnamaíoch forbairt na hÉireann agus a mhuintir agus a thacaíonn baint amach de chuspóirí náisiúnta.